

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Tuarascáil Bhliantúil 2025



An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Teach Walter Scott
An Bóthar Míleata
Baile Átha Cliath 8
D08 HE2P
Éire

Teil:	+353 1 666 3266
Suíomh gréasáin:	www.cab.ie
Ríomhphost:	info@cab.ie
X:	@criminalassets
Facebook:	www.facebook.com/criminalassetsbureau
Instagram:	@criminalassetsbureau

Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla chomh maith.
This report is also available in English.

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann.

Coiste Tuarascála Bhliantúla an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a thiomsaigh agus a dhear an tuarascáil seo.

Clár Ábhair

Clár Ábhair	i
Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	v
Litir ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána	vii
Réamhrá	xi

1: Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigh & a Fhoireann

<i>An Biúró</i>	1
<i>Ár Misean, Fís agus Luachanna</i>	1
<i>Rialachas</i>	1
<i>Cothromaíocht Inscne</i>	2
<i>Saincheisteanna Comhshaoil, Aeráide & Fuinnimh</i>	2
<i>Éagsúlacht agus Cuimsiú</i>	3
<i>Ceartha an Duine</i>	3
<i>Airgeadas</i>	4
<i>Cuspóirí agus Feidhmeanna</i>	4
<i>Príomhoifigeach an Bhiúró</i>	4
<i>Oifigeach Dlí an Bhiúró</i>	5
<i>Comhlacht Corparáideach</i>	5
<i>Struchtúr an Bhiúró</i>	6
<i>Oifigh agus Foireann an Bhiúró</i>	6
<i>Leibhéil Údaraithe Foirne</i>	7
<i>Neamhainmníocht</i>	7
<i>Oifig Riaracháin</i>	7
<i>Oifig Faisnéise agus Measúnaithe</i>	7
<i>Tuarascálacha Saoránach Maith</i>	8
<i>Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit</i>	9
<i>Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní</i>	10
<i>Cás 1</i>	11
<i>Cás 2</i>	11
<i>Oiliúint agus Forbairt</i>	11
<i>POCAI</i>	11
<i>Fáltais ó Choireacht - MA</i>	12
<i>Oiliúint Foirne</i>	12
<i>Láithreoirí CAB</i>	12
<i>Clár Oiliúna Bleachtairí</i>	12
<i>Cúrsa d'Imscrúdaitheoirí Sinsearach</i>	12
<i>An Ghníomhaireacht um Aisghabháil & Bainistíocht Sócmhainní (ARMA)</i> ..	12
<i>Cuntasóirí Cairte in Éirinn</i>	12
<i>An Coimisiún Eorpach</i>	13
<i>Airgeadra Fíorúla</i>	13
<i>Oiliúint ar Urghabhálacha Sócmhainní Fíorúla</i>	13
<i>Láithreoirí faoi Chriptea-airgeadra</i>	13
<i>Cúrsa oiliúna d'Oifigh Imscrúdaithe Shinsearach</i>	14
<i>Dioplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht & Imscrúdú Sócmhainní</i>	14

Clár Ábhair

<i>Cúrsa Oiliúna Chainalysis</i>	14
<i>Teastas Iarchéime i gCalaois & Imscrúdú Ríomhchoiriúlachta</i>	14
<i>Cairt Eagraíochta</i>	15
Cuid a Dó: Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla	
<i>Imscrúduithe</i>	17
<i>Alt 14</i>	17
<i>Alt 14A</i>	18
<i>Iarratais a rinneadh le linn 2025</i>	18
<i>Oibríochtaí Cuardaigh a rinneadh in 2025, de réir Contae</i>	19
Cuid a Trí: Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht 1996 go 2016	
<i>Réamhrá</i>	21
<i>Athbhreithniú ar Alt 1A</i>	22
<i>Cásanna Tosaithe</i>	22
<i>Athbhreithniú ar Alt 2(1)</i>	23
<i>Miondealú Luachála</i>	23
<i>Athbhreithniú ar Alt 3</i>	24
<i>Athbhreithniú ar Alt 3(3)</i>	25
<i>Miondealú Geografach</i>	26
<i>Maoin</i>	26
<i>Feithiclí</i>	26
<i>Earraí Só...</i>	26
<i>Alt 4(1) agus 4A</i>	26
<i>Cás 1</i>	28
<i>An Bille um Fháлтаis ó Choireacht agus Nithe Gaolmhara 2025</i>	28
<i>Alt 6</i>	29
<i>Alt 7</i>	29
<i>Cuma na Rathúlachta</i>	29
<i>Ráiteas Glacadóireachta</i>	30
Cuid a Ceathair: Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró	
<i>An Oifig um Bainistíocht Sócmhainní</i>	31
<i>Sócmhainní arna mbainistiú ag an mBiúró</i>	31
<i>Diúscairt Sócmhainní AMO</i>	31
<i>Ceant ar líne</i>	32
<i>Díol Réadmhaoine</i>	31
<i>Cás 1</i>	33
<i>Cás 2</i>	33
<i>Cás 3</i>	34
<i>Cás 4</i>	35
<i>Cás 5</i>	35
<i>Cás 6</i>	36
<i>Díolacháin Réadmhaoine Críochnaithe, de réir Contae, in 2025</i>	38

Cuid a Cúig: Cuid a Cúig Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

<i>Forléargas</i>	39
<i>Feidhmiú Cánach</i>	39
<i>Measúnuithe Cánach</i>	39
<i>Achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach</i>	39
<i>Nuashonrú ar chás 2024</i>	40
<i>Bailiúcháin</i>	41
<i>Aisghabhálacha</i>	41
<i>Éilimh</i>	41
<i>Socruithe</i>	41
<i>Imscrúduithe</i>	41
<i>Cás 1</i>	43
<i>Feidhmithe Custaim & Máil</i>	44
<i>Pointí Dul Isteach/Imeachta sa Stát</i>	44
<i>Trádáil Mótarfheithiclí</i>	44
<i>Dleacht Mháil</i>	45
<i>Tacaíocht Oibriúcháin</i>	45
<i>Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí (HMRC)</i>	45
<i>Táblaí Ioncaim</i>	46

Cuid a Sé: Aicsein um Leasa Sóisialta an Bhiúró

<i>Forléargas</i>	49
<i>Aisghabhálacha</i>	49
<i>Ró-íocaíochtaí</i>	49
<i>Coigilteas</i>	49
<i>Alt 5(1)(c) & 5(1)(d) den Acht CAB 1996</i>	50
<i>Cás 1</i>	50
<i>Cás 2</i>	48
<i>Cás 3</i>	48

Cuid a Seacht: Imscrúduithe Tábhachtacha déanta ag an mBiúró

<i>Réamhrá</i>	51
<i>Imscrúduithe 2025</i>	51
<i>Cás 1</i>	51
<i>Cás 2</i>	51
<i>Cás 3</i>	52
<i>Cás 4</i>	52
<i>Cás 5</i>	53
<i>Cás 6</i>	53
<i>Cás 7</i>	53
<i>Cás 8</i>	53
<i>Cás 9</i>	53
<i>Cás 10</i>	54

Clár Ábhair

Cuid a hOcht: Breithiúnais Shuntasacha ó na Cúirteanna le linn 2025

<i>CAB v Cash</i>	55
<i>CAB v Nida Investments</i>	57
<i>CAB v Routeback Media</i>	58
<i>CAB v Calvert and Ors</i>	61

Cuid a Naoi: Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

<i>An Pheirspictíocht Idirnáisiúnta</i>	67
<i>An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO)</i>	67
<i>Oibríochtaí Idirnáisiúnta</i>	67
<i>Europol</i>	67
<i>Interpol</i>	68
<i>CARIN</i>	68
<i>Coiste Stiúrtha um Chomhrac i gcoinne Sciúradh Airgid</i>	68
<i>Cruinniú Mullaigh Eorpach um Choireacht Frith-Airgeadais</i>	68
<i>An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA)</i>	68
<i>Caidreamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí Seachtracha</i>	68
<i>Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann (JATF)</i>	68
<i>Meabhrán Tuisceana</i>	69
<i>Cuairteanna ar an mBiúró</i>	71
<i>Cruinnithe Ardleibhéil</i>	72
<i>Agallaimh leis na Meáin</i>	75
<i>Podchraoltaí, Raidió agus Cláir Theilifíse</i>	75
<i>Gníomhaíochtaí ar na Meáin Shóisialta</i>	76

Cuid a Deich: Tuarascáil Bhliantúil um Nochtuithe Cosanta

77

Cuid a hAon Déag: Conclúidí

79

Aguisín A: Cuspóirí agus Feidhmeanna an Bhiúró

81

Aguisín B: Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

83

Aguisín C: Athbhreithniú ar an mBliain

87

Litir leis an tuarascáil ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

A Aire, a chara,

I gcomhréir le forálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996, is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil 2025 de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a chur faoi do bhráid. Ba ghnóthach agus ba tháirgiúil 2025 don Bhiúró nuair a bhain an Biúró deich gcinn dá 15 sprioc amach maidir le seachadadh feidhmíochta. Leanann an Biúró ag díriú i gcónaí ar imscrúduithe níos casta agus níos faide. Baineadh tairbhe chomh maith as obair an Bhiúró ar chúrsaí oidhreachta trí spriocanna a sháru.

Thug an Biúró faoi 37 oibríocht chuardaigh ina raibh 208 cuardach aonair i 16 chontae, lena n-áirítear oibríochtaí cuardaigh sa Spáinn. Is fianaise é an líon ard oibríochtaí cuardaigh ar an gcomhoibriú leanúnach den scoth idir an Biúró, gach Rannán de chuid an Gharda Síochána agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. D'éirigh leis an mBiúró díolachán 18 réadmhaoin a chur chun cinn agus a chur i gcrích i rith na bliana, rud a d'fhág gur díoladh comhlán €4.377m. Tá 439 Próifíleoír Rannacha um Shócmhainní reatha ann. Tá na próifíleoír seo ag gabháil do spriocanna gníomhaíochta a shainaithint go luath ag an mBiúró. Chuir an Biúró €14.926m ar ais chuig an Státchiste mar a shonraítear thíos:

Iomlán an Airgid a cuireadh ar ais	
Fáltais ó Choireacht	3,474,245
Ioncam	10,796,000
An Roinn Coimirce Sóisialaí	655,543
Iomlán	14,925,788

Úsáidtear cuid de na tuairisceáin sin chun an Ciste Sábháilteachta Pobail a mhaoiniú a cheadaíonn airgead urghafa a dhíriú ar ais i bpobail chun tionscadail áitiúla nuálacha a mhaoiniú atá dírithe ar phobail níos láidre, níos sábháilte a thógáil. I gcás pobail áitiúla, baineann níos mó tábhacht le sócmhainní coiriúla a bhaint ná luach airgeadaíochta amháin. Cuireann sé deireadh le luach saothair infheicthe na coireachta agus lagaíonn sé an tionchar a bhíonn acu siúd a úsáideann saibhreas chun imeagla a chur ar dhaoine nó chun dul i bhfeidhm ar dhaoine. Léiríonn gníomhartha an Bhiúró teachtaireacht thábhachtach nach bealach dlisteanach chun stádais, cumhachta ná ratha a bhaint amach í an choiriúlacht.

Aithním an comhoibriú suntasach idir an Biúró agus na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí (HMRC) agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta (NCA). Go hidirnáisiúnta, tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh i mbun idirchaidrimh le agus i mbun imscrúduithe le húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. Mar fhocal scoir, guím rath leanúnach ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Le gach dea-ghuí,



Justin Kelly
Coimisinéir
An Garda Síochána

Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig
an Aire Dlí Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Fágtar an leathanach seo bán d'aonghnó

Litr leis an tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is cúis áthais dom 30^ú Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla do bhliain féilire 2025 a chur ar fáil duit. Tá an tuarascáil seo á cur ar fáil le tólacadh don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, de bhua fhorálacha alt 21 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996.

Agus a hoibleagáidí reachtúla á comhlíonadh, leagtar amach sa tuarascáil gníomhaíochtaí an Bhiúró i rith na bliana chun díriú ar fháltais ó choireacht.

Ba ghnóthach agus ba tháirgiúil an bhliain ab ea 2025 don Bhiúró nuair a bhain an Biúró deich gcinn dá 15 sprioc amach maidir le seachadadh feidhmíochta faoi mar a d'fhoilsigh. Leanann an Biúró ag díriú i gcónaí ar imscrúduithe níos casta agus níos faide. Baineadh tairbhe chomh maith as obair an Bhiúró ar chúrsaí oidhreachta trí spriocanna a shárú.

I rith na bliana, lean an Biúró de dhíriú ar fhorbairt agus ar uas-sciliú na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní. I mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir an Biúró clár oiliúna Ard-Phróifíleoirí Rannacha um

Shócmhainní dhá lá ar fáil ag uas-sciliú 15 Próifíleoir de chuid an Gharda Síochána agus beirt Oifigeach Sinsearach de chuid an Bhiúró loncaim.

Aithníonn an Biúró an méid a chuireann Próifíleoirí Sócmhainní Rannacha atá

oilte go háitiúil le spriocanna oiriúnacha gníomhaíochta a shainaithint go luath ag an mBiúró agus déanann sé a dhícheall an cúrsa seo a fheabhsú agus a fheabhsú bliain ar bhliain.

Tugadh 16 iarratas nua os comhair na hArd-Chúirte faoi reachtaíocht na bhFáltas ó Choireacht. Tá formhór na ngníomhaíochtaí seo nasctha le fáltais ó gháinneáil ar dhruaí. Áirítear ar bhunchineálacha eile coiriúlachta buirgléireacht agus sciúradh airgid. Breithneoidh an Biúró imscrúdú ar aon iompar coiriúil a bhaineann le saibhreas a fháil. Bhí luach na sócmhainní faoi na fáltais nua de chásanna coireachta a thionscain an Biúró idir €77,000 agus €4.536 milliún.

Chruthaigh gníomhaíochtaí fáltais ó choireacht, i dteannta le gníomhaíochtaí faoi fhorálacha na gCoimisinéirí loncaim agus Coimirce Sóisialaí, breis is €14.926 milliún don Státchiste in 2025.

Iomlán an Airgid a cuireadh ar ais	
Fáltais ó Choireacht	3,474,245
Ioncam	10,796,000
An Roinn Coimirce Sóisialaí	655,543
Iomlán	14,925,788

Úsáidtear cuid de na tuairisceáin sin chun an Ciste Sábháilteachta Pobail a mhaoiniú a cheadaíonn airgead urghafa a dhíriú ar ais i bpobail chun tionscadail áitiúla nuálacha a mhaoiniú atá dírithe ar phobail níos láidre, níos sábháilte a thógáil.

Ainneoin go bhfáiltítear roimh an méid atá á chur ar ais chuig an Státchiste agus

Litir leis an tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

go bhfuil a leithéid féinmhínteach, ní léiríonn siad go hiomlán an tionchar níos leithne a bhíonn ag gníomhaíochtaí na hOifige sa phobal.

Ag a chroílár, aithnítear luach na hoibre a dhéanann an Biúró trína straitéis um “dhiúltú agus baint.” Aithnítear rath inchainníochtaithe agus tionchar sochaíoch níos leithne araon mar gheall ar dhéantacht na straitéise um “dhiúltú agus baint.” Is léir an chéad cheann trí na méadrachtaí a chuirtear i láthair ar fud na tuarascála seo. Léirítear an dara ceann i dtáscairí sochaíocha níos leithne a léirítear chun pobail a chosaint, an bonn a bhaint de thionchar na coireachta eagraithe, agus a chur in iúl go soiléir nach suaitheantas na rathúlachta iad sócmhainní coiriúla ach fianaise ar éagóir gur féidir leis an Stát agus go ndéanfaidh an Stát aghaidh a thabhairt air.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na baill den phobal a d’oibrigh leis an mBiúró trí thuarascálacha maidir le saoránaigh mhaithe. Ainneoin go gcuireann siad a gcuid faisnéise ar fáil ar bhonn anaithnid agus go rúnda, tá ardmheas ar an gcúnamh a thugann siad don Bhiúró agus ar an tslí a n-oibríonn siad leis an mBiúró. Tacaíonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil leis an mBiúró chun a shainchúram a chur i gcrích agus ar an tslí sin, tacaítear lena bpobail.

Comhordaíonn an Biúró a ghníomhaíochtaí ar bhealach a thugann aird ar Phlean Póilíneachta an Gharda Síochána agus straitéisí Oifige na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne

Coimirce Sóisialaí agus na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Tá gné idirnáisiúnta ag baint le go leor d’imscrúduithe an Bhiúró agus bíonn comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i ndlínsí eile i gceist leo.

Leanann an Biúró ar aghaidh lena chaidreamh le Interpol, Europol agus Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) a fhorbairt agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar ardán na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní (ARO).

I gcónaí, faigheann an Biúró tacaíocht den chéad scoth ó reachtóirí, baill den phobal agus na meáin. Leanann foireann an Bhiúró ar aghaidh ag forbairt mórláithreachta ar na meáin shóisialta trí Facebook, X agus Instagram. Baintear leas as na bealaí meáin shóisialta chun scéal an Bhiúró a insint trínár ngníomhaíochtaí a chur chun cinn agus chun faisnéis thábhachtach a fháil ó bhaill an phobail. Is mian liom féin go pearsanta aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí atá déanta ag foireann an Bhiúró a cuid oibre a chur chun cinn trí na meáin agus oibriú leis na meáin phríomhshrutha sa chomhthéacs sin.

Lena chois sin, tá ardmheas ar an tacaíocht agus ar an gcomhoibriú leis an mBiúró ón nGarda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún um Achomhairc Chánach, an tSeirbhís Cúirteanna, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile

Litir leis an tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

agus Imirce, an Roinn Airgeadais, an Roinn

Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Oifig an Ard-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, i rith na bliana. Litir ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Ar an gcuma chéanna, is mian liom aitheantas a thabhairt do shaineolas agus do thiomantas na n-aturnaetha agus na foirne ón Rannóg Sócmhainní Coiriúla (CAS) atá leithdháilte ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) chun díriú ar obair an Bhiúró. Ní féidir ró-lua a dhéanamh ar luach na comhairle agus na tacaíochta dlí neamhspleách comhlonnaithe ina rannchuidiú le rath an Bhiúró.

Bhain an Biúró an-tairbhe as an méadú ar acmhainní cás. Is léir é sin ón líon suntasach orduithe alt 4 a dheonaigh an Ard-Chúirt. Lena chois sin, is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne comhairlí dlí atá ag obair do CSSO thar ceann an Bhiúró.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus don obair mhór a dhéanann an pearsanra ar fad a bhfuil baint acu leis an mBiúró.

I rith na bliana, tugadh go leor athruithe pearsanra faoi deara laistigh den Bhiúró de bhrí gur fhág roinnt pearsanra mar thoradh ar ardú céime, aistriú agus scor. Is mian liom fáilte a chur roimh an bpearsanra nua a thosaigh ag obair sa Bhiúró le bliain anuas chomh maith agus gach rath a ghuí orthu amach anseo.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil CAB 2022 agus 2024, bunaíodh grúpa oibre chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chóiríochta reatha agus amach anseo an Bhiúró. Leanann an Biúró ar aghaidh i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, ONP agus páirtithe leasmhara ábhartha chun dlús a chur le cóiríocht oiriúnach agus a leithéid a fháil a thacódh go sásúil le sainchúram an Bhiúró agus le forbairt bheartaithe amach anseo.

Fáiltíonn an Biúró roimh na forálacha nua sa Bhille um Fháiltais ó Choireacht agus Nithe Gaolmhara 2025 a chuirfidh tuilleadh feabhais ar an mBiúró chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun comhghairdeas a dhéanamh leat as d'ardú céime chuig Coimisinéir na nGardaí. Táim ag tnúth le bheith ag obair libh agus guím gach rath oraibh sa ról nua atá agaibh.

Le gach dea-ghuí,

Michael Gubbins
Príomhoifigeach an Bhiúró
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Litir leis an tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Fágтар an leathanach seo bán d'aonghnó

Réamhrá

Cuid 21

Is í seo an 30^ú Tuarascáil Bhliantúil faoi ghníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear “an Biúró” ina dhiaidh seo) agus clúdaítear an tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025, an dá dháta sin san áireamh.

Tá an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996, leasaithe ach ar an mbealach is suntasaí tríd an Acht um Fháлтаis ó Choireacht (Leasú), 2005.

Chun críche na tuarascála seo, gairfear “an tAcht CAB” ar Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo ina dhiaidh seo, agus gairfear “an tAcht PoC” ar an Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996. Foráiltear in Acht CAB comhtheideal na leasuithe lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Ullmhaítear an tuarascáil seo de bhua alt 21 d’Acht CAB a cheanglaíonn ar an mBiúró tuarascáil a thíolacadh, trí Choimisinéir an Gharda Síochána, don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, ina ndéantar cur síos ar na gníomhaíochtaí don bhliain 2025.

Réamhrá

Tá an leathanach seo bán d'aon turas

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

An Biúró

Ar an 15 Deireadh Fómhair 1996, bunaíodh an Biúró go foirmiúil le hachtú Acht CAB. Forálann Acht CAB le haghaidh (i measc nithe eile):

- cuspóirí an Bhiúró
- feidhmeanna an Bhiúró
- Príomhoifigeach an Bhiúró
- Oifigigh an Bhiúró
- foireann an Bhiúró
- Oifigeach Dlí an Bhiúró
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró
- cionta agus pionóis i ndáil le foireann an Bhiúró agus a dteaghlaigh a ainmniú
- cionta agus pionóis i ndáil le cosc agus imeaglú
- barántais chuardaigh CAB;
- orduithe táirgthe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Foilsíodh Ráiteas Straitéise an Bhiúró 2024-2027 in 2024. Díríodh an athuair ar ár Misean, Fís agus Luachanna i rith an phróisis seo agus tá siad mínithe sa ghrafaic eolais thíos.



Rialachas

Ciallaíonn struchtúr idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, i dteannta lena rialachas ilchodach agus cosáin chuntasachta, nach bhfuil an Biúró ag teacht leis an sainmhíniú traidisiúnta ar Chomhlacht Stáit de réir bhrí an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuireann an Biúró an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i bhfeidhm, áfach, arna oiriúnú dá struchtúr.

De bhrí nach bhfuil aon Bhord ag an mBiúró, tugann Príomhoifigeach an Bhiúró agus an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach faoi ról Boidr, le cois a fheidhmeanna feidhmiúcháin a chomhlíonadh. Gheobhaidh an Biúró maolú ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce in 2026 chun ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh.

Leagann an Biúró a chuspóirí agus a ghealltanais don bhliain amach ina Phlean Gnó Bliantúil 2025. Tugadh aird ar Ráiteas Straitéise 2024-2027 sa phlean seo. Tá Comhaontú Maoirseachta idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (dá ngairtear “an Roinn” anseo ina dhiaidh seo) sínithe ina gclúdaítear an tréimhse idir 2023 – 2025.

Leagtar amach sa chomhaontú sin an creat leathan um rialachas agus cuntasacht ina bhfeidhmíonn an Biúró agus sainmhínítear ann na príomhróil agus príomhfhreagrachtaí atá ina mbonn agus taca ag an gcaidreamh idir

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

an Biúró agus an Roinn. Tá Comhaontú Maoirseachta an Bhiúró le fáil ag www.gov.ie.

Tá Comhaontú Soláthair Feidhmíochta ar leithligh ach gaolmhar sínithe don bhliain 2025 freisin agus le fáil www.gov.ie.

Tacaíonn Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne leis an mBiúró chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe an Bhiúró do rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha. Déanann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí iniúchadh neamhspleách ar bhonn bliantúil ar nósanna imeachta agus próisis an Bhiúró.

Reáchtáil an Biúró 11 Chruinniú den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach, 4 Chruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, agus 2 Chruinniú den Choiste Rialachais i rith 2025.

Cothromaíocht Inscne

Ag an 31 Nollaig 2025, bhí ocht mball páirteach san Fhoireann Ardbhainistíochta - 25% mná agus 75% fir. Mar sin, ní chomhlíonann an bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad den dá inscne a bheith ar bhoird stáit.

Mar atá luaite cheana, níl aon Bhord ag an mBiúró. Tugann Príomhoifigeach an Bhiúró mar aon leis an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach faoi ról Boird. Líontar na folúntais shinsearacha trí agallaimh iomaíocha leis na máthairghníomhaireachtaí.

Saincheisteanna Comhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh

Mar atá leagtha amach i gceanglais Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2017, cheap Príomhoifigeach an Bhiúró ball den fhoireann ardbhainistíochta mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh an Bhiúró.

Leanfaidh an Biúró ar aghaidh le páirt a ghlacadh in, le dlús a chur le, le haird a tharraingt air agus le tuairisciú ar gach tionscnamh a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil agus fuinnimh faoi dheireadh na bliana de réir I.R. 426 de 2014 (Rialachán an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh)).

I rith 2025, chuir an Biúró roinnt tionscnamh éifeachtúlachta fuinnimh i gcrích lena n-áirítear:

- Flít CAB d'fheithiclí níos sine a dhídhílsiú agus múnlaí níos nua-aimseartha, níos breosla-éifeachtúla a chur ina n-áit
- Leanúint ar aghaidh ag úsáid "Priontáil Leanúna" don fhoireann ar fad.
- Tugadh isteach boscaí bruscair athchúrsála agus tá aird tarraingthe ar úsáid a bhaint astu laistigh den Bhiúró
- Cianobair: Chuir an Biúró a Bheartas Oibre Cumaisc i bhfeidhm in 2023 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le hOifigigh agus le baill foirne an Bhiúró a spreagadh chun tairbhe a bhaint as deiseanna cianoibre nuair is féidir.

- Le linn 2025, bhunaigh Príomhoifigeach an Bhiúró “foireann ghlas” laistigh den Bhiúró chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus chun tionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tionchar ar an gcomhshaol a laghdú.
- In 2025, d'fhorbair an “Foireann Ghlas” “Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide” don Bhiúró de réir ár n-oibleagáidí.
- Chuir an Biúró freastalaithe nua VMware i bhfeidhm, atá i bhfad níos tíosaí ar fhuinneamh, chun teicneolaíocht freastalaí níos sine a athsholáthar.
- Rinne an Biúró roinnt freastalaithe fisiceacha oidhreacht a fhíorú chomh maith, rud a laghdaigh líon foriomlán na meaisíní a bhí ag teastáil agus a d'ísligh ídiú fuinnimh.
- D'imigh an Biúró ar shiúl ónár gcóras ríomhphoist ar an áitreabh, ag baint an ghá atá le roinnt freastalaithe fisiceacha.
- Le tabhairt isteach múchadh uathoibríoch ríomhairí pearsanta gach oíche, laghdaíodh tuilleadh ár n-úsáid cumhachta.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an Biúró tiomanta d'ionad oibre a chothú ina mbraitheann gach duine aonair go bhfuil meas orthu agus go bhfuil sé/sí cumhachtaithe chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, beag beann ar a gcúlra nó ar a bhféiniúlacht. Aithníonn an Biúró gur láidreacht bhunúsach í an éagsúlacht — a chuimsíonn eispéiris, cultúir agus

peirspictíochtaí éagsúla - a spreagann an nuálaíocht agus gur cuid ríthábhachtach dár rath í. Chun seasamh leis an ngealltanais seo, reáchtáiltear comórtais don Bhiúró i gcomhréir leis an gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Coinníonn an Biúró seasamh neamhfhulaingthe i ndáil le hidirdhealú nó ciapadh de chineál ar bith.

Tuigeann an Biúró gur aistear atá ann agus tá sé tiomanta d'fheabhas agus d'fhoghlaim leanúnach. Trí thosaíocht a thabhairt do chothromas agus do chuimsiú i ngach gné dár n-oibríochtaí, déanann an Biúró a dhícheall cultúr muintearais a chothú a léiríonn agus a fhreastalaíonn ar ár bpobal domhanda ilghnéitheach.

Ceartha an Duine

Bunaítear le hAlt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí chun aird a thabhairt ar an ngá atá ann idirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine ball foirne agus daoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. Tá an Biúró tiomanta do léargas a thabhairt ar na luachanna sin fad is atá a mhisean á chomhlíonadh aige agus do na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ngach idirghníomhaíocht le daoine aonair, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara araon. In 2025, d'fhoilsigh an Biúró Plean Measúnaithe agus Gníomhaíochta de réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Duine agus Comhionannas, 2014 ar a shuíomh gréasáin www.cab.ie.

Leanfaidh an Biúró le monatóireacht, athmheasúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na réimsí a shainaithnítear sa Phlean Gníomhaíochta ina phleananna straitéiseacha agus ina thuarascálacha bliantúla as seo amach.

Airgeadas

I rith na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tOireachtas ar fáil dó chun a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Tá an t-airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, léirithe sa tábla seo a leanas, á iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, mar a fhoráiltear faoin Reacht.

Comparáid idir Buiséad agus Caiteachas do na blianta 2024 / 2025

Bliain	Tuairisc	Méid €M	
		an Bhuiséid Foráil	Iomlán Caite
2024*	Pá	10.231	9.948
	Neamhphá	1.701	2.443
	Iomlán	11.932	12.391
2025**	Pá	11,023	10,720
	Neamhphá	2,251	2,868
	Iomlán	13,274	13,588

- Tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh air, leasaíodh caiteachas iomlán 2024 an Bhiúró go 12.391m. Tá sé seo dlite, go príomha, d'admháilacha a thaifeadh.

** Ag fanacht le hathbhreithniú iniúcháireachta

Cuspóirí agus Feidhmeanna

Tá cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró faoi seach leagtha amach in alt

4 agus in alt 5 d'Acht CAB. Tá na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla sin leagtha amach ina n-iomláine in Aguisín A agus is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

- Fáltais ó iompar coiriúil a shainaithint agus a imscrúdú;
- Gníomh cuí a dhéanamh faoin dlí chun tairbhí sócmhainní arb ionann iad agus fáltais ó iompar coiriúil a dhiúltú agus a cheilt ar dhaoine trí na sócmhainní sin a reo, a chaomhnú agus a choigistiú.
- Gach gníomh riachtanach a dhéanamh faoin Achtanna na gCoimisinéirí Ioncaim chun a chinntiú go bhfuil fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil faoi réir cánach;
- Éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh.

Príomhoifigeach an Bhiúró

I gceannas ar an mBiúró tá Príomhoifigeach an Bhiúró arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána as na baill ar fad atá ag céim an Ard-Cheannfort san fhórsa. Is é Michael Gubbins Príomhoifigeach an Bhiúró faoi láthair agus ceapadh é sa ról sin ar an 5 Bealtaine 2020.



Príomhoifigeach an Bhiúró Michael Gubbins

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, faoi alt 7 d'Acht CAB, as bainistíocht, rialú agus riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomhoifigeach an Bhiúró freagrach do Choimisinéir an Gharda Síochána as feidhmiú fheidhmeanna an Bhiúró.

Chomh maith leis sin, tá Príomhoifigeach an Bhiúró cuntasach d'Ard-Rúnaí na Roinne i ndáil le nithe a thagann chun cinn don Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta don Bhiúró.

Foráiltear leis an Alt seo freisin go gceapfar Príomhoifigeach Gníomhach Biúró chun feidhmeanna Phríomhoifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás éagumais mar gheall ar thinneas, neamhláithreacht nó eile.

Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomhoifigeach an Bhiúró agus ceaptar é nó í faoi alt 9 d'Acht CAB chun cabhrú leis an mBiúró chun a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a chomhlíonadh. Is é Kevin McMeel Príomhoifigeach Dlí an Bhiúró faoi láthair agus ba ar an 19 Iúil 2019 a ceapadh é.



Oifigeach Dlí an Bhiúró Kevin McMeel

Comhlacht Corparáideach

Tá an Biúró ag feidhmiú mar chomhlacht corparáideach neamhspleách mar a fhoráiltear faoi alt 3 d'Acht CAB. Rinneadh breithniú den chéad uair ar stádas an Bhiúró in 1999 nuair a pléadh san Ard-Chúirt é mar chuid den chás *Murphy -v- Flood* [1999] IEHC 9.

Thug an Breitheamh Onórach McCracken breithiúnas na hArd-Chúirte ar an 1 Iúil 1999. Tá an breithiúnas sin ríthábhachtach chun cineál an Bhiúró a thuiscint. Leag an chúirt an méid seo a leanas amach:

“Tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ina chomhlacht corpraithe a bhfuil comharbas suthain aige. Cé go gcaithfear Príomhoifigeach an Bhiúró a cheapadh ó bhaill an Gharda Síochána atá ag céim an Ard-Cheannfóirt, tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla fós neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé go bhfuil roinnt mhaith de na cumhachtaí a thugtar don chomhlacht sin aige.

...

Leis an Reacht a bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, ní brainse den Gharda Síochána é. Ba é an tOireachtas a bunaíodh é mar chomhlacht corpraithe príomhúil d'fhonn a áirithiú nach mbainfeadh duine ar bith sochar as aon sócmhainní a fhaigheann siad trí ghníomhaíocht choiriúil. Tá cumhacht tugtha dó gach gníomh a dhéanamh maidir le sócmhainní a fhaightear trí ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a choimeád, cumhachtaí áirithe chun a áirithiú go gcuirtear fáлтаis óna leithéid de ghníomhaíocht faoi cháin,

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

agus i leith na nAchtanna Leasa Shóisialaigh freisin. Ní comhlacht iomchúisimh é, áfach, ná údarás póilíneachta. Is údarás imscrúdúcháin é a iarrann ar an gCúirt cúnamh a thabhairt dó a fheidhmeanna a fhorfheidhmiú, i ndiaidh dó imscrúdú a dhéanamh agus a cumhachtaí imscrúdúcháin nach beag a úsáid. Agus an Biúró sin á bhunú, is léir go raibh an tOireachtas den tuairim gur gá comhlacht a bhunú ar leas an phobail a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána, agus a fheidhmeadh ar bhonn imscrúdaitheach. Ní cheapaim, áfach, gurb ionann é agus an Garda Síochána, a dhéanann imscrúdú d'fhonn dhaoine a ionchúiseamh i leith cionta. Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla imscrúdú d'fhonn sócmhainní a fhaightear mar thoradh ar ghníomhaíocht choiriúil a fháil agus, ar deireadh, na sócmhainní sin a íoc leis an Stáit."

Struchtúr an Bhiúró

Buntáiste a bhaineann le struchtúr ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, a thugann le chéile tacair scileanna éagsúla ó na pearsanra ábhartha, go bhfeabhsaíonn sé cumas imscrúdaitheach a bhaineann le sainchúram reachtúil an Bhiúró. Tá cur síos déanta ar fheidhmeanna an Bhiúró, ag feidhmiú trí Oifigigh an Bhiúró, faoi alt 5 d'Acht CAB.

Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Forálann Alt 8 d'Acht CAB d'oifigigh an Bhiúró a cheapadh. Ceaptar baill foirne an Bhiúró faoi Alt 9 d'Acht CAB.

Earcaítear mar oifigigh an Bhiúró:

- A. Comhaltaí den Gharda Síochána;
- B. Oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim;
- C. Oifigigh na Roinn Coimirce Sóisialaí.

Oifigigh atá ar shaoire speisialta óna máthairghníomhaireachtaí. Leanadh ar aghaidh le hOifigigh an Bhiúró a dhílsiú le cumhachtaí agus le dualgais oifige d'ainneoin iad a bheith ceaptha mar Oifigigh an Bhiúró.

I measc Bhaill Foirne an Bhiúró tá:

- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- Baill ghairmiúla agus theicniúla;
- Baill riaracháin.

Is ionann líon foirne údaráithe an Bhiúró, ina gcuimsítear Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne eile, agus 101 do 2025.

I ndiaidh aistrithe, arduithe céime agus scor a chur san áireamh i rith 2025, bhí 11 fholúntas foirne sa Bhiúró ar an 31 Nollaig 2025.

I measc na bhfolúntas seo, tá:

- 3 x Bleachtaire Garda
- 2 x Ball Foirne Riaracháin
- 1 x Oifigeach Feidhmiúcháin TFC
- 3 x Ardoifigeach Ioncaim
- 1 x Príomhoifigeach Cúnta Ioncaim
- 1 x Cuntas Fóiréinseach an Bhiúró

Tá an Biúró ag obair leis na comhlachtaí ábhartha agus táthar ag súil go mbeidh na folúntais sin líonta faoi Ráithe 3, 2026. Leanann an Biúró ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus é mar aidhm aige líon na

foirne a mhéadú de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

Leibhéil Údaraithe Foirne

Leibhéil údaraithe idirghníomhaireachta & iildisciplíneacha

	53
	8
	23
	17

Bhiúró, baill foirne agus a dteaghlach a shainaithint.

Ní bhaineann an cosc sin ar ainmniú le Príomhoifigeach an Bhiúró, Príomhoifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró nó Ofogigh an Bhiúró atá ina gcomhaltaí den Gharda Síochána.

Oifigí Riaracháin

Soláthraíonn Oifig Riaracháin an Bhiúró, le foireann pearsanra ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, oibríochtaí oifige agus tacaíocht do gach Oifigeach an Bhiúró.

Tá ról lárnach aige i dtacú le Príomhoifigeach an Bhiúró lena chinntiú go láimhseáiltear gach gné riaracháin de ghnó an Bhiúró go héifeachtúil.

Áirítear leis seo bainistiú a dhéanamh ar na feidhmeanna Acmhainní Daonna, Earcaíocht, Rialachas, Iniúchadh agus Riosca agus Airgeadais don Bhiúró.

Neamhainmníocht

Forálann Alt 10 d'Acht CAB cosaint áirithe i bhfoirm anaithnideachta d'Oifigigh an Bhiúró nach baill den Gharda Síochána iad agus baill d'fhoireann an Bhiúró. Faoin alt seo, déanann oifigigh agus foireann an Bhiúró a gcuid dualgas a chomhlíonadh in ainm an Bhiúró.

Forálann Alt 11 d'Acht CAB do chionta coiriúla a bhaineann le hOifigigh an

An Oifig um Fhaisnéis & Measúnú

Feidhm rithábhachtach de chuid an Bhiúró í an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe agus tá Oifigigh an Bhiúró ag obair inti agus gach gníomhaireacht laistigh den Bhiúró san áireamh. Is é sainchúram na hOifige gach atreorú a thagann isteach a thríaiseáil.

Faigheann an Biúró comhfhreagras ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear Tuarascálacha maidir le Saoránaigh

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Mhaithe, Próifílí Rannacha um Shócmhainní, faisnéis ó ghníomhaireachtaí Stáit agus Leathstáit, agus earnálacha na neagraíochtaí príobháideacha agus neamhrialtasacha.

Tarlaíonn measúnú ar gach aighneacht a chuirtear faoi bhráid an Bhiúró in Oifig Faisnéise agus Measúnaithe. Áirítear leis seo tuarascálacha cúlra a ullmhú chun bonn eolais a chur faoi phróiseas cinnteoireachta an Ghrúpa Iontrála maidir le cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an duine aonair/cuideachta a ndearnadh measúnú orthu na critéir atá le sannadh mar sprioc CAB.

Déanann an Grúpa Iontrála, arna sheirbhísiú ag bainistíocht gach gníomhaireachta, cinntí chun glacadh leis an duine aonair / cuideachta nó í a dhiúltú mar sprioc CAB. Má ghlactar leo mar spriocanna, sannfar chuig seomra foirne iad chun imscrúdú ilghníomhaireachta a dhéanamh.

Soláthraíonn an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe tacaíocht faisnéise agus oibriúcháin leanúnach d'fhoirne imscrúdaithe an Bhiúró trí aon saincheist ábhartha a shainaitheint laistigh den raon leathan reachtaíochta faoina bhfeidhmíonn an Biúró. Ó bunaíodh an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe, tugadh méadú suntasach ar spriocanna faoi deara, ó 500 in 2016 go dtí breis is 1,273 in 2025.

Oibríonn an Biúró, tríd an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe, lena

chomhpháirtithe idirnáisiúnta lena n-áirítear Europol, Interpol, Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN), Oifig Drugaí agus Coireachta na Náisiún Aontaithe (UNODC) agus an Gréasán um Aisghabháil Sócmhainní (ARO).

Fuarthas 132 iarraidh tríd an nGréasán um Aisghabháil Sócmhainní in 2025 ó 21 thír éagsúla agus seoladh 23 iarraidh.

Déanann an Biúró, tríd an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe, fiosrúcháin ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le hoibríochtaí leantacha.

Tuarascálacha maidir le Saoránaigh Mhaithe

Faigheann an Biúró faisnéis ó bhaill den phobal ar bhealaí difriúla, i.e., ríomhphost, i scríbhinn nó trí ghlaogutháin, cibé acu ó údar / glaoiteoir aitheanta nó trí Thuarascáil maidir le Saoránaigh Mhaithe.

Tá spéis ag an mBiúró in aon fhaisnéis a bhaineann le rachmas neamhmhínithe a bhfuil amhras ann a d'fhéadfadh a bheith nasctha, go díreach nó go hindíreach, le coiriúlacht nó le duine atá ag maireachtáil ar bhealach atá ar neamhréir lena (h)acmhainní nó atá ag baint tairbhe ábhartha as fáлтаis ó choireacht. Déileáiltear leis an bhfaisnéis a chuireann an pobal ar fáil faoi rún daingean.

Déanann IAO meastóireacht ar an bhfaisnéis sin chun a fháil amach an mbaineann an fhaisnéis sin le sainchúram an Bhiúró. Is féidir faisnéis a chur ar fáil don Bhiúró trí roinnt ardán difriúil atá liostaithe thíos:

- Ar an teileafón ag an uimhir 00 353 1 6663266
- Tríd an ríomhphost ar info@cab.ie
- Tríd an bpost (An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, Teach Walter Scott, An Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath 8, D08 HE2P)
- Facebook: [@CriminalAssetsBureau](https://www.facebook.com/CriminalAssetsBureau)
- X: [@criminalassets](https://twitter.com/criminalassets)
- Instagram: [@criminalassetsbureau](https://www.instagram.com/criminalassetsbureau)

I rith 2025, fuair an Biúró 366 Tuarascáil maidir le Saoránaigh Mhaithe i gcomparáid le 408 in 2024.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Soláthraíonn seirbhísí dlí Rannóg na Sócmhainní Coiriúla d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit seirbhís thiomanta dlí don Bhiúró agus tá sí comhlonnaithe go huathúil lena chliaint.

Soláthraíonn seirbhísí dlí Rannóg na Sócmhainní Coiriúla maidir le gach gné d'obair an Bhiúró lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do

- Iarratais de bhun an Achta PoC arna leasú agus achomhairc ghaolmhara
- Ionadaíocht dhlíthiúil i ndáil le nithe cánach agus leasa shóisialaigh uile an Bhiúró os comhair a gcomhlachtaí achomhairc faoi seach agus sa

Chúirt Chuarda agus sna hUaschúirteanna

- Idirbhearta tíolactha agus réadmhaoine tráchtála
- Cásanna dlí shibhialta eile lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach agus nithe Iomlánacha

Freagrach as an rannóg seo tá Leas-Phríomhaturnae Stáit Cúnta agus foireann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla agus páirteach san fhoireann sin tá foireann dlí agus riaracháin atá ag obair le chéile chun tacú le ceanglais seirbhíse dlí an Bhiúró.

Tá líon foirne údaraithe de 18 ag Rannóg na Sócmhainní Coiriúla ina gcuimsítear 1 Leas-Phríomhaturnae Stáit Cúnta, 10 nAturnae Stáit (beirt ag Ardghrád Aturnae Stáit), 1 Ardfheidhmeannach Dlí, 1 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 5 Oifigeach Cléireachais. Ag deireadh 2025, tar éis aistrithe agus cur chun cinn, ba é cúig dhuine dhéag (15) an líon foirne iomlán iarbhír laistigh d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Meastar go líonfar na folúntais ar fad in 2026.

Tá CAB buíoch as an líon foirne breise atá curtha ar fáil ag an rannóg d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, fianaise ar thús áite a bheith á thabhairt againn beirt don réimse oibre seo.



Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní

Tá cúrsaí oiliúna do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní á n-eagrú agus á reáchtáil ag an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe de réir phlean straitéiseach an Bhiúró.

Tacaíonn agus idirghníomhaíonn Oifig Faisnéise agus Measúnaithe le Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní atá oile go háitiúil chun próifílí a fháil maidir le daoine a bhfuil measúnú le déanamh orthu.

Mar a luadh i dTuarascáil 2024, rinne comhaltaí atá ceangailte leis an Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú athbhreithniú ar phearsanra oile. Is é 628 líon na bPróifíleoirí Sócmhainní Rannacha oile ag an mBiúró ó bunaíodh é.

Faoi láthair, tá 439 Próifíleoir Rannacha um Shócmhainní ann. *(Is é is cúis leis an athraitheas idir pearsanra oile agus próifíleoirí cáilithe ná scor, ardú céime, aistriú, etc.)*

Lean an Biúró lena chlár rannpháirtíochta le Próifíleoirí Rannach um Shócmhainní. I mí Dheireadh Fómhair 2025, chuir an Biúró cúrsa oiliúna Ard-Rannach um Phróifíleoirí Sócmhainní dhá lá ar fáil i dTeach Walter Scott.

Bhí cúigear déag (15) Phróifíleoir de chuid an Gharda Síochána agus beirt (2) Oifigeach Sinsearacha de chuid an Bhiúró loncaim i láthair. Bhí an t-aiseolas foriomlán ón tionscnamh

oiliúna seo an-dearfach ó rannpháirtithe an chúrsa.

Go dtí seo, tá an Biúró tar éis oiliúint a chur ar 628 Próifíleoir Rannacha um Shócmhainní a bhfuil 439 Próifíleoir Rannacha um Shócmhainní reatha acu, mar atá leagtha amach thíos:

- 425 Garda
- 13 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i mbun dualgaís Custam agus Máil;
- 1 nOifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí

Leanadh ar aghaidh le teagmháil agus le dlúthchomhar leanúnach go réigiúnach agus go rannach i rith 2025.

Chuir Oifigigh shinsearacha an Bhiúró láithreoireachtaí ar fáil d'fhoirne coireachta réigiúnacha laistigh den Gharda Síochána chun ról an Phróifíleora Rannach um Shócmhainní a chur chun cinn.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as dea-chleachtas sa réimse a bhaineann le forghéilleadh sibhialta neamh-chiontúbhunaithe sócmhainní coiriúla.

Lena chois sin, déanann an Biúró taighde ar dhea-chleachtas chun cúrsaí agus comhpháirtithe a shainaithint a chuireann le heolas agus a chabhraíonn le forbairt ghairmiúil leanúnach na mball foirne atá leithdháilte go díreach don Bhiúró agus iad siúd atá oile mar Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní.

Is samplaí iad na cásanna seo a leanas d'imscrúduithe de chuid an Bhiúró a d'eascair as Próifíleoir Rannach um Shócmhainní:

Cás 1:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí teaghlach atá páirteach i ndíol agus soláthar drugaí i ndiaidh próifíl a fháil ó Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní atá suite i gceantar na Mí.

Fuair an Biúró orduithe Ard-Chúirte de bhun alt 2 agus alt 4A d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- €31,800 airgead tirim
- \$94 Dollar SA
- \$20 Dollar Cheanada
- £150.40 stg

Cás 2:

Tar éis atreorú a fháil ó Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní oilte atá ceangailte le Rannán Luimnigh, chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí lánúine a creideadh go raibh baint acu le hiompar coiriúil, is é sin, díol agus soláthar drugaí, agus go raibh naisc aitheanta acu le grúpa coireachta eagraithe.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró deonaíodh orduithe go rathúil faoi Alt 4A d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- 3 réadmhaoin i gceantar Luimnigh
- 3 fheithicil
- €101,922 in institiúid airgeadais

Oiliúint agus Forbairt

Fáltais ó Imscrúdú Coireachta & Sócmhainní (POCAI)

Is uirlis chumhachtach í struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró in áiseanna an Stáit dul i ngleic le grúpaí coireachta eagraithe agus gníomhaíocht choiriúil.

Mar chuid dá fheidhm reachtúil forordaithe, thug an Biúró cúnamh agus oideachas náisiúnta agus idirnáisiúnta do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí / rialála eile agus do Chomhlachtaí Stáit lena n-áirítear Interpol, Europol, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA), Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí na hAstráile, na Íoslainne, Mháltacha agus na Saimbia.

Glactar anois le creidiúnú ábhair sa réimse seo mar ghné riachtanach chun seirbhís éifeachtach agus ghairmiúil a sholáthar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Bhunaigh an Biúró, i dteannta le hOllscoil Luimnigh, cáilíochta acadúil aitheanta, Creidiúnú Leibhéal 9, i mí Feabhra 2020.

Is clár luathaithe é an Dioplóma larchéime i bhFáltais ó Choireacht & Imscrúdú ar Shócmhainní agus tá sé á chur ar fáil i bhfoirm cúig mhodúl foghlama.

Ag tacú le soláthar an chúrsa bhí saineolaithe ábhair laistigh den Bhiúró agus saineolaithe seachtracha i réimsí cosúil le nósanna imeachta fáltais ó choireacht, coireacht an bhóna bháin,

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

breabaireacht agus éilliú, fianaise agus comhar idirnáisiúnta. Le linn 2025, chuir an Biúró an cúrsa seo ar fáil do chúigear déag (15) rannpháirtí. Is mian leis an mBiúró buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chuir leis an gcúrsa agus go háirithe le hUachtarán Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Shane Kilcommins, Déan Feidhmiúcháin, an Dr Sandra Joyce, Ceann Scoil an Dlí, an tOllamh Lucy Ann Buckley, an tOllamh Ray Friel, Bean Uasal Angela Liddy, agus foireann Ollscoil Luimnigh as a gcuid tacaíochta agus comhairle.

Fáltais ó Choireacht - MA

Is cúrsa bliana é an Máistir Ealaíon in Imscrúdú ar Fáltais ó Choireacht atá á reáchtáil ag Ollscoil Luimnigh do mhic léinn a rinne an Cúrsa dar teideal Fáltais ó Choireacht agus Imscrúdú ar Shócmhainní (POCAI). Tugann an cúrsa seo deis d'Oifigigh an Bhiúró chur leis an méid atá ar eolas acu agus lena saineolas sa réimse seo. In 2025, chabhraigh an Biúró le 7 nOifigeach de chuid an Bhiúró chun an cúrsa seo a chur i gcrích.

Oiliúint Foirne

I rith 2025, lean an Biúró ar aghaidh le riachtanais oiliúna Oifigigh agus Bhaill Foirne an Bhiúró a uasghrádú agus a fheabhsú. Chuige sin, thacaigh an Biúró le rannpháirtíocht foirne sna cúrsaí seo a leanas:

- Altia: Bunchúrsa maidir le Foireann Uirlisí um Imscrúdú Airgeadais
- Fáltais ó Choireacht agus Imscrúdú ar Shócmhainní (POCAI), CAB & Ollscoil Luimnigh

- Máistir Ealaíon in Imscrúdú ar Fáltais ó Choireacht, Ollscoil Luimnigh
- Deimhniú sa Soláthar Poiblí
- Máistreacht sa Choireolaíocht
- Microsoft Office 365

Lena chois sin, reáchtáladh roinnt seisiún faisnéise feasachta i rith 2025 a bhí dírithe ar fhoireann uile an Bhiúró maidir le topaicí ábhartha lena n-áirítear:

- Rásaíocht Capall Éireann
- An tIdirlíon Dorcha agus Coiriúlacht in Éirinn
- Fóiréinsic i gCásanna Coiriúla
- Próiseas Deimhin-Mhuirearaithe

Láithreoireachtaí CAB

Clár Oiliúna Bleachtairí

Le linn na bliana, chabhraigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna maidir le Coireacht i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór chun Oiliúint Bhleachtairí a chur ar fáil. D'eagraigh an Biúró láithreoireachtaí do Chlár Oiliúna na mBleachtairí Garda 5 huaire agus 2 uair eile do Chlár Oiliúna na mBleachtairí Sáirsint.

Cúrsa d'Imscrúdaitheoirí Sinsearach

Chuidigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna maidir le Coireacht agus thug sé 2 chur i láthair sa Teampall Mór do Chlár na nOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe.

An Ghníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní (ARMA)
Ghlac Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, páirt i bplé painéil

dar teideal *“Improving the effectiveness of finding and recovering assets derived from corruption and other crimes: the role and mission of the Legal Profession in asset tracing and recovery process”* ag ócáid arna óstáil ag Gníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní na hÚcráine (ARMA) ar an 29 Bealtaine 2025.



Cuntasóirí Cairte in Éirinn

Thug Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, cur i láthair ar líne do Chuntasóirí Cairte na hÉireann maidir le bunú an Bhiúró, a chur chuige ilghníomhaireachta, an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn an Biúró agus cuspóir agus feidhmeanna an Bhiúró.



An Coimisiún Eorpach

Thug Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O’Callaghan, T.D. agus an Coimisinéir Brunner ón gCoimisiún Eorpach cur i láthair ar an 24 Samhain 2025.

Airgeadra Fíorúla

Leanann an Biúró ag cur feabhais ar a leibhéal eolais agus cumas imscrúdaitheach i réimse na gcriptea-airgeadraí agus a n-úsáid in iompar coiriúil ar fud an domhain.

Trí imscrúduithe a dhéanamh, rinne an Biúró roinnt urghabhálacha d’fhoirmeacha éagsúla criptea-airgeadraí lena n-áirítear Bitcoin agus Ethereum.

Oiliúint ar Urghabhálacha Sócmhainní Fíorúla

D’fhreastail Oifigeach Biúró an Gharda Síochána ar chúrsa ar líne 3-lá um Chriptea-Oiliúint a bhí á reáchtáil ag Réaltacht Sócmhainní i mí Mheán Fómhair 2025. I measc na n-ábhar plé bhí urghabhálacha sócmhainní fíorúla.



Láithreoireachtaí faoi Chriptea-airgeadraí

Rinne an Biúró roinnt cur i láthair do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a ligeann don Bhiúró a chuid eolais sa réimse seo a roinnt agus a fheabhsú agus teagmhálacha saineolaithe domhanda a ghiniúint sa réimse seo a rachaidh chun tairbhe imscrúduithe Biúró amach anseo.

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Cúrsa oiliúna d'Oifigigh Imscrúdaithe Shinsearacha

Thug Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána láithreoireacht maidir le hairgeadraí fíorúla do Bhleachtairí Cigire atá i mbun an chúrsa oiliúna d'Oifigigh Imscrúdaithe Shinsearacha i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór i mí Aibreáin 2025.

Dioplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht agus Imscrúdú Sócmhainní (POCAI)


Chuir Oifigeach de chuid Bhiúró an Gharda Síochána léachtaí ar fáil maidir le hairgeadraí fíorúla do mhic léinn atá ag tabhairt faoi chúrsa an Dioplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht agus Imscrúdú Sócmhainní (arna chreidiúnú ag Ollscoil Luimnigh) i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Cúrsa Oiliúna Chainalysis

Ghlac Oifigeach ó Bhiúró an Gharda Síochána páirt i gcúrsa oiliúna a bhí á reáchtáil ag Chainalysis i mí na Samhna 2025.

Teastas Iarchéime i gCalaois & Imscrúdú Ríomhchoiriúlachta

Thug Oifigeach de chuid Bhiúró an Gharda Síochána léacht do mhic léinn a bhí ag tabhairt faoin gcúrsa Teastais Iarchéime i gCalaois & Imscrúdú Ríomhchoiriúlachta (creidiúnaithe ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) i mí na Samhna 2025.



Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Fágtar an leathanach seo bán d'aonghnó

Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe

Le linn 2025, lean Oifigigh an Bhiúró de na cumhachtaí agus dualgais a ndílsítear iontu faoi Alt 8 den Acht CAB a chomhlíonadh.

Is díol suntais é, cé go gcoinníonn Oifigigh an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a thugtar dóibh ina n-oifig roimhe seo dá máthaireagraíochtaí faoi seach, go bhfaigheann siad cumhachtaí nua a bhaineann go sonrach lena ról mar Oifigigh an Bhiúró chomh maith. Áirítear orthu sin an chumhacht chun na nithe seo a leanas a fháil agus a fhorghníomhú:

1. Barántais chuardaigh CAB de bhun alt 14 den Acht CAB.
2. Orduithe ar Aird chun ábhar a chur ar fáil do CAB de bhua alt 14A d'Acht CAB.

Tá na cumhachtaí sin le fáil laistigh d'alt 14 agus alt 14A d'Acht CAB, arna leasú.

I rith 2025 rinne an Biúró a chuid imscrúduithe i gcomhar le agus le cúnamh ó phearsanra an Gharda Síochána ó Rannáin an Gharda Síochána agus ó Aonaid Náisiúnta an Gharda Síochána atá nasctha le Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach (OSC), an tAonad Beartaíochta agus Oibríochtaí Speisialta (STOC) agus Seirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht

agus Faisnéis Slándála (GNCSIS). Thug Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim tacaíocht ó thaobh imscrúduithe de.

Lean an Biúró le comhoibriú a dhéanamh le hAonad na nImscrúduithe Speisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí maidir lena n-

imscrúduithe a bhí ar bun aige in 2025. Bhí an chabhair leanúnach seo rithábhachtach maidir le díriú ar fháltais ó iompar coiriúil le linn 2025.

Rinne an Biúró 37 oibríocht chuardaigh [lín a sháraíonn sprioc an Chomhaontaithe um Sheachadadh Feidhmíochta a bhí 35] ina raibh 208 cuardach aonair ar fud 16 chontae agus trí cinn (3) i ndlínse eachtrach.

Cuid 14

Déantar foráil in Alt 14 den Acht CAB do bharántais chuardaigh CAB. Faoi Alt 14(1), is féidir le hOifigeach an Bhiúró, atá ina chomhalta den Gharda Síochána, iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Dúiche chun barántas a fháil chun fianaise a bhaineann le sócmhainní nó fáltais a eascraíonn ó iompar coiriúil a chuardach.

Feidhmíonn barántas chuardaigh faoi Alt 14 trí Oifigeach de chuid an Bhiúró ar comhalta den Gharda Síochána é/í a cheadú, in éineacht le daoine eile, de réir mar a cheapann an tOifigeach is gá, ábhar a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil san áit atá ainmnithe ar an mbarántas sin.

Is díol suntais é sin ós rud é go ligeann sé do chomhalta den Gharda Síochána daoine eile a bheith in éineacht leis/léi, de réir mar a cheapann an tOifigeach de chuid an Bhiúró is gá, lena n-, áirítear daoine atá oilte go teicniúil agus/nó go gairmiúil, chun cabhrú leis sa chuardach.

Féachtar ar na barántais sin mar uirlisí tábhachtacha a ligeann don Bhiúró a gcuid imscrúduithe a dhéanamh de bhun a shainchúraim reachtúil.

Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Chuir an Biúró 232 barántas i bhfeidhm agus é ag díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe.

Baineadh leas as barántais Alt 14 chun líon mór tithe príobháideacha a chuardach, chomh maith le hoifigí gairmiúla agus gnólachtaí eile. Urghabhadh airgead tirim, feithiclí, earraí dearthóra agus fianaise chun tacú le himscrúduithe de chuid an Bhiúró mar thoradh air sin.

Alt 14A

Cuireadh Alt 14A isteach san Acht POC, 2005. Foráiltear in Alt 14 d'Acht CAB do bharántais chuardaigh CAB. Faoi alt 14(1), is féidir le hOifigeach de chuid an Bhiúró atá ina chomhalta den Gharda Síochána chomh maith, iarratas a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche do bharántas chun fianaise a chuardach a bhaineann le sócmhainní nó fáлтаis a eascraíonn as iompar coiriúil.

Baintear leas go príomha as Orduithe chun Fianaise a thabhairt ar Aird faoi Alt 14A chun fianaise a fháil ó roinnt institiúidí airgeadais laistigh den Stát. Is le sonraí baincéireachta, agus i roinnt mhaith cásanna, le haistriú méideanna móra airgid idir cuntais a bhaineann an t-ábhar a fhaightear.

Mar thoradh ar an bhfaisnéis a fuarthas, bhí an Biúró in ann an fhianaise sin a úsáid in imscrúduithe leanúnacha maidir le roinnt daoine a ceapadh go sócmhainní a sheasann, go díreach nó go hindíreach, d'fháлтаis na coireachta.

Le linn 2025, d'fhorghníomhaigh an Biúró 461 ordú de bhun alt 14A.

Iarratais a rinneadh le linn 2025

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar líon na n-iarratas a rinneadh faoi alt 14 agus 14A d'Acht CAB, arna leasú.


Iarratais faoi alt 14 & alt 14A d'Acht CAB, 1996 & 2005

Tuirisc	Iarratais	
	2024	2025
Barántais chuardaigh faoi Alt 14 den Acht CAB, 1996 & 2005	227	232
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi alt 14A d'Acht CAB, 1996 & 2005	638	461

D'fhéadfadh figiúr Alt 14/14A athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.



Oibríochtaí Cuardaigh a Reáchtáladh, de réir an Chontae, in 2025



Cuid a Dó
Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Fágtar an leathanach seo bán d'aonghnó

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht 1996 go 2016

Réamhrá

Cuireann an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 - 2016, ("Acht PoC") ar chumas na hArd-Chúirte orduithe a dhéanamh do chaomhnú agus, más iomchuí, diúscairt na réadmhaoine ábhartha agus foráil a dhéanamh do nithe gaolmhara.

Chomh maith leis sin, ceadáíonn an tAcht PoC don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar an dualgas cruthúnais sibhialta, cibé acu an ionann, go díreach nó go hindíreach, sócmhainn agus fáлтаis ó iompar coiriúil.

In 2005, leasaíodh an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht chun ligean d'imeachtaí a thionscnamh in ainm an Bhiúró seachas in ainm Phríomhoifigeach an Bhiúró. Dá dhroim sin, ó bhí 2005 ann, gach iarratas a rinne an Biúró a thionscnamh, tionscnaíodh é in ainm an Bhiúró.

Tionscnaítear imeachtaí na hArd-Chúirte trí bhíthin iarratais faoi alt 2(1) d'Acht PoC atá bunaithe i gcónaí ar mhionnscribhinn arna mionnú ag Príomhoifigeach an Bhiúró.

Bíonn mionnscribhinní eile á mionnú ag finnétithe ábhartha lena n-áirítear Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne den Bhiúró, baill de An Garda Síochána ó lasmuigh den Bhiúró, lena n-áirítear Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní agus i gcásanna áirithe, oifigigh ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó lasmuigh den dlínse.

Déanann an tAcht seo foráil freisin gur féidir foriarratas a thionscnamh *ex-parte*. Ciallaíonn sé sin go ndéanann an Biúró a

iarratas faoi alt 2(1) den Acht PoC ganceanglas a bheith ann fógra a thabhairt don duine lena mbaineann (an freagróir).

Maireann an t-ordú alt 2(1) i gcomhair 21 lá mura gcuirtear iarratas faoi alt 3 d'Acht PoC i láthair laistigh den tréimhse sin. Chomh maith leis sin, forálann Alt 2 d'Acht PoC gur cheart fógra a thabhairt don duine lena mbaineann i rith na tréimhse sin.

Forálann Alt 3 d'Acht PoC do reo fadtéarmach sócmhainní. Is díol suntais é gur féidir imeachtaí faoin Acht PoC a thionscnamh trí alt 2(1) nó trí rún bunaidh a eisiúint de bhua alt 3(1).

Cé go gcaithfear cásanna faoi Alt 3 a thionscnamh laistigh de 21 lá d'Ordú Alt 2, sa chleachtas, d'fhéadfadh tréimhse i bhfad níos faide ná sin a bheith i gceist sula dtiocfaí éisteacht Alt 3 os comhair na hArd-Chúirte. Tugtar fógra don duine lena mbaineann (an freagróir) maidir le héisteacht alt 3 agus tá sé nó sí i dteideal freastal ar an éisteacht agus dúshlán an cháis a thabhairt i ndáil leis an tsócmhainn shonraithe.

I gcás go bhfuil duine ar ghanncuid acmhainne chun íoc as ionadaíocht dlíthiúil, is féidir leis an bhfreagróir iarratas a dhéanamh ar an gcúirt cúnamh dlíthiúil a fháil faoin Scéim um Chúnamh Dlíthiúil atá i bhfeidhm chun na críche sin. Cinntíonn sé seo gur comhlíonadh rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil i gcásanna a bhaineann leis an mBiúró, ar choinníoll gur comhlíonadh na critéir riachtanacha don scéim.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Chuireacht 1996 go 2016

Má léirítear i ndeireadh na dála chun sástachta na hArd-Chúirte i ndiaidh éisteacht alt 3 gurb ionann an réadmhaoin, go díreach nó go hindíreach, agus fáлтаis ó iompar coiriúil, ansin déanfaidh an chúirt ordú chun an réadmhaoin a reo.

Maireann an t-ordú seo 7 mbliana ar a laghad agus is féidir leis an bhfreagróir nó aon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht maidir leis an maoín iarratais a dhéanamh chun go ndéanfaí an t-ordú cúirte a athrú maidir leis an maoín le linn na tréimhse sin.

Ag deireadh na tréimhse 7 mbliana, féadfaidh an Biúró imeachtaí a thionscnamh chun an dul ar aghaidh a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin nó daoine eile mar sin de réir mar a chinneann an Chúirt faoi Alt 4 den Acht PoC. Le linn na himeachtaí sin, cuirtear gach páirtí ábhartha ar an eolas arís agus is féidir leo iarratais a dhéanamh ar an gcúirt.

Sula rachaidh an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfaidh an chúirt ordú diúscartha toilithe faoi alt 4A den Acht PoC a dheonú ar thoiliú an fhreagróra iomchuí.

Athbhreithniú ar Alt 1A

Rinne an tAcht um Fháлтаis ó Chuireacht a leasú leis an Acht um Fháлтаis ó Chuireacht (Leasú), 2016. Leis an leasú seo, déantar foráil gur féidir le hOifigeach Biúró maoín a urghabháil ar feadh tréimhse nach faide ná 24 uair an chloig i gcás go bhfuil sé in áit phoiblí, nó in áit éigin eile atá sé údaraithe a bheith nó ina

bhfuil cuireadh tugtha dó a bheith i láthair ann, nó má tá cuardach á dhéanamh aige agus go bhfaightear maoín a cheapann sé gur fáлтаis ó chuireacht í agus a bhfuil luach nach lú ná €5,000 uirthi. Féadfaidh Príomhoifigeach an Bhiúró, le linn na tréimhse 24 uair an chloig sin, coinneáil na maoine a údarú le haghaidh tréimhse nach faide ná 21 lá sna cásanna seo a leanas:


- a) gur deimhin leis go bhfuil cúis réasúnach ann chun bheith in amhras gur fáлтаis ó chuireacht í an mhaoin sin, go hiomlán nó go páirteach, go díreach nó go hindíreach.
- b) más deimhin leis go bhfuil cúis réasúnach ann nach lú ná €5,000 luach iomlán na maoine.
- c) más deimhin leis go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an mBiúró maidir le cibé an bhfuil cúis leordhóthanach ann iarratas a dhéanamh ar an gcúirt chun ordú eatramhach nó ordú idirbhreitheach a fháil maidir leis an maoín agus,
- d) má tá cúis réasúnach ann a chreidiúint gur féidir an mhaoin, go hiomlán nó go páirteach agus in éagmais údaraithe, a dhiúscairt nó eile, nó a luach a laghdú, sular féidir iarratas mar sin a dhéanamh.

Tá na forálacha thuas faoi réir athbhreithniú sa Bhille um Fháлтаis ó Chuireacht agus Nithe Gaolmhara 2025.

Cásanna tosaithe

Cuireadh tús le 16 chás nua trí imeachtaí a eisiúint trí fhoríarratas a dhéanamh faoi alt 2 den Acht um Fháлтаis ó Chuireacht le linn 2025.

Cásanna nua um Fháлтаis ó Choireacht a tugadh os comhair na hArd-Chúirte



Bhí an Biúró ag gabháil d'obair fairsing maidir leis na fiosrúcháin sin a ullmhú ionas gur féidir na cásanna sin a thionscnamh os comhair na cúirte in 2025. Rinne an Biúró imscrúduithe agus chuir sé 23 comhad nua PoC i gcrích.

Cé gur gheall an Biúró, sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta (CSF) 2025, 25 comhad um fháлта na coireachta a chur isteach, níor éirigh leis ach 23 comhad a chur isteach.

Mar sin féin, as na 23 comhad a cuireadh isteach, bhí go leor díobh an-mhór agus an-chasta, rud a chur leis an laghdú.


Is féidir le líon na gcomhad a chuirtear isteach athrú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar chastacht na gcásanna.

Athbhreithniú ar Alt 2(1)

De réir anailíse, tháinig méadú ar líon na sócmhainní ar eisíodh ordú ina leith faoi alt 2(1) — ó 128 in 2024 go 137 sócmhainn in 2025. Is díol suntais don Bhiúró an méadú beag ar shócmhainní.


Féadfaidh líon na sócmhainní a ndéantar orduithe faoi alt 2(1) a lua ar bhonn bliantúil agus tá sé spleách ar chásanna.

Sócmhainn a ndearnadh Orduithe 2(1) ina leith



Le linn 2025, thionscain an Biúró imeachtaí maidir le cineálacha éagsúla sócmhainní. Ar chúiseanna próifílithe, miondealaítear na sócmhainní in earraí dearthóra, sócmhainní airgeadais, seodra, eastát réadach, feithiclí, leictreonaic agus eile.

Sócmhainní lena mbaineann orduithe alt 2(1) Miondealú ar shócmhainní bunaithe ar an gcineál sócmhainne



Miondealú Luachála

Ainneoin go bhfáiltítear roimh an méid atá á chur ar ais chuig an Stáitchiste agus go bhfuil a leithéid féinmhínteach, ní hionann é agus léargas iomlán ar an tionchar socheacnamaíoch níos ginearálta atá ag gníomhartha an Bhiúró laistigh den phobal trí chéile.

Cuid a Trí
Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Chóireacht 1996 go 2016

Is féidir na méadrachtaí neamh-intomhaiste a aithint mar seo a leanas chomh maith:

- 1. Cur isteach ar eintitis choiriúla
- 2. Gníomhaíochtaí sciúrtha airgid a chosc
- 3. Teagmháil dhearfach a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne

Tá na figiúirí a bhaineann le seodra, eastát réadach, feithiclí, earraí dearthóra, airgeadas, leictreonaic agus eile, bunaithe ar an luach measta a roghnaigh an Biúró a lua leis an tsócmhainn tráth déanta an iarratais faoi alt 2(1) d’Acht PoC.

Bhí an luach a bhí luaite le 137 sócmhainn a bhí reoite faoi alt 2 d’Acht PoC i rith na bliana 2025 cothrom le €10.223 milliún. Tá miondealú ar an bhfigiúir seo le fáil sa tábla thíos.


Anailís ar Ordú Alt 2 de réir Chineál na Sócmhainní

Cur síos	2024 €	2025
Earraí Dearthóra	3,000	28,338
Airgeadais	10,889,099	1,925,071
Seodra	9,000	38,350
Eastát Réadach	1,421,295	7,688,657
Feithiclí	276,502	537,495
Leictreonaic	6,600	-
Eile	11,000	4,925
Iomlán	12,616,496	10,222,836

Léiríonn na torthaí do 2025 i gcomparáid le 2024, go bhfuil laghdú €2,393,660 tagtha ar luach na sócmhainní a reodh faoi alt 2(1) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin nuair a bhí luach €12.616 milliún i gceist. Is díol suntais don Bhiúró an laghdú ar luach na sócmhainní. Téann

luach na sócmhainní suas síos ar bhonn bliantúil, ag brath ar chásanna.

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2(1)




Athbhreithniú ar Alt 3

Déantar ordú alt 3(1) ag deireadh na héisteachta inar chinn an Ard-Chúirt go seasann sócmhainn nó sócmhainní áirithe d’fháлтаis ó iompar coiriúil. Le fírinne, is faoin Ard-Chúirt agus ní faoi rialú díreach an Bhiúró atá dáta agus fad na héisteachta.


Le linn 2025, rinneadh orduithe faoi Alt 3(1) i gcás 25 cás a bhí os comhair na hArd-Chúirte.

Líon na gcásanna ina ndearnadh Orduithe 3(1).




Tháinig laghdú ar líon na sócmhainní ar eisigh an Ard-Chúirt orduithe ina leith de bhun alt 3(1), ó 174 sócmhainn in 2024 go dtí 129 sócmhainní in 2025.

Sócmhainn a ndearnadh Orduithe 3(1) ina leith.



luach na sócmhainní suas síos ar bhonn bliantúil, ag brath ar chásanna.

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 3(1)



Féadfaidh líon na sócmhainní a ndéantar orduithe faoi alt 3(1) a lua ar bhonn bliantúil agus tá sé spleách ar chásanna.

Ba ionann €3.310 milliún luach na 129 sócmhainn ar deonafódh orduithe alt 3 ina leith le linn 2025.

Tugtar miondealú ar an bhfigiúir sin sa tábla thíos.

Anailís ar Ordú Alt 3 de réir Chineál na Sócmhainní

Cur síos	2024 €	2025 €
Earraí	114,166	11,655
Dearthóra		
Airgeadais	1,820,551	749,906
Seodra	8,350	444,957
Eastát Réadach	4,870,183	1,843,755
Feithiclí	266,163	253,206
Leictreonaic	-	3,850
Eile	13,800	3,060
Iomlán	7,093,213	3,310,389

Léiríonn na torthaí do 2025 i gcomparáid le 2024, go bhfuil laghdú €3,782,824 tagtha ar luach na sócmhainní a reodh faoi alt 3(1) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin nuair a bhí luach €7.093 milliún i gceist. Is díol suntais don Bhiúró an laghdú ar luach na sócmhainní. Téann

Athbhreithniú ar Alt 3(3)

Déantar foráil in Alt 3(3) den Acht um Fháлтаis ó Choireacht chun ordú alt 3(1) atá ann cheana a athrú nó a urscaoileadh.

Is féidir leis an bhfreagróir, i gcás a thionscain an Biúró, nó le haon duine eile a éilíonn úinéireacht ar an maoin, iarratas a dhéanamh de bhun alt 3(3).

Cé go mbaineann alt 3(3) go príomha le hiarratas a dhéanamh thar ceann freagróra i gcás, féadfaidh daoine a mhaíonn úinéireacht ar an maoin atá i gceist iarratas a dhéanamh freisin; ar an gcaoi sin, tugtar deis d'íospartaigh coire iarratas a dhéanamh ar an maoin sin a thabhairt ar ais dóibh.

Tugtar deis chomh maith in Alt 3(3) do na daoine leasmhara sin ordú alt 3(1) a athrú nó a urscaoileadh i gcás inar féidir a shuí, chun sástacht na cúirte, nach fáлтаis ó iompar coiriúil an tsócmhainn atá i gceist.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fáltais ó Choireacht 1996 go 2016

Ní dhearna aon ordú mar sin faoi Alt 3(3) den Acht um Fáltais ó Choireacht le linn 2025.

Miondealú Geografach

Clúdaíonn sainordú na hOifige imscrúdú a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le fáltais ó choir, is cuma cá bhfuil na sócmhainní suite.

I rith na bliana 2025, fuair an Biúró orduithe maidir le sócmhainní a bhain le fáltais ó choir i ngach ceann de na mórlimistéir uirbeacha agus de na pobail tuaithe.

Tá an Biúró tiomanta i gcónaí do dhíriú go gníomhach ar fáltais ó iompar coiriúil iad, pé áit a bhfuil siad lonnaithe, a oiread agus is féidir faoin Acht PoC.

Tá an Biúró ag forbairt a chumhdaigh náisiúnta tuilleadh trí chúraimí a shannadh do Phróifíleirí Sócmhainní Rannáin. Leis sin, cinnteofar go gcuirfear fócas ar spriocanna coiriúla áitiúla ar fud an Stáit i ngníomhaíochtaí an Bhiúró.

Maoín

De réir aidhmeanna agus cuspóirí reachtúla an Bhiúró, tá sé de cheangal ar an mBiúró gabháil do ghníomhaíocht iomchuí chun a chinntiú nach mbainfidh daoine a ghlacann páirt i gcoireacht eagraithe thromchúiseach sochar ar bith as an gcoireacht sin.

I gcás go léirítear gur fáltais ó iompar coiriúil atá i maoín ar leith agus go bhfuil duine ag baint sochair as na fáltais sin, is cuid den fhoráil reachtúil é faoinar féidir na sochair sin a choinneáil ón duine nó iad

a dhiúltú don duine, an duine sin a dhídhílsiú dá m(h)aoín.

Féadfaidh go bhfuil sé i gceist leis an mbeartas seo de chuid an Bhiúró ionaid réadmhaoine a ghlacadh ina sheilbh, d'ainneoin go bhféadfadh na hionaid réadmhaoine sin a bheith fós i gcothromas diúltach. Déantar é seo chun a chinntiú nach gceadaítear dóibh siúd a bhfuil baint acu le coireacht leanúint ar aghaidh ag baint leasa as fáltais na coireachta.

Feithiclí

Leanann an Biúró ar aghaidh ag tabhairt faoi deara an spéis atá ag daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach i bhfeithiclí ardluacha. Le linn 2025, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí a bhain le coirpigh.

Só-Earraí

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar earraí a fuarthas ar dhrochbhealaí trí shó-earraí ardleibhéil a ghabháil, mar shampla málaí láimhe dearthóra, éadaí agus bróga dearthóra, uaireadóirí agus seodra.

Alt 4(1) agus 4A

Le hAlt 4(1), déantar foráil d'aistriú maoine don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Tagraíonn an tAlt seo do shócmhainní a mheastar a bheith ina bhfáltais ó iompar coiriúil, do thréimhse nach lú ná seacht mbliana, agus le linn di nach ndearnadh éileamh bailí ar bith faoi Alt 3(3) den Acht um Fáltais ó Choireacht.

Mar thoradh ar na leibhéil mhéadaithe foirne i Rannóg na Sócmhainní Coiriúla d’Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, chonaic an Biúró go raibh ardú ar chásanna oidhreachta á thabhairt chun críche trí bhíthin alt 4 Orduithe Ard-Chúirte.


Dheonaigh an Ard-Chúirt 17 Ordú alt 4 in 2025 i leith 34 sócmhainn a mbaineann luach carnach €656,411 leo.

Ceadaíonn Alt 4A don fhreagróir ordú toilithe diúscartha a dhéanamh i gcás de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, rud a ligeann don mhaoin a aistriú don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i dtréimhse níos giorra ná seacht mbliana.



Tugadh isteach é sin le hAcht PoC 2005 agus, go bunúsach, cuirtear deireadh leis an gceanglas go bhfanfadh an Biúró seacht mbliana sula gcuirfí cistí ar aghaidh chuig an Státchiste.

Cuireadh 18 gcás i gcrích agus tugadh chun críche iad faoi alt 4A den Acht um Chearta an Duine in 2025 thar 111 sócmhainn a mbaineann luach carnach €2,279,535m leo. Le linn 2025, aistríodh méid iomlán €3,474,245.83 chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht mar thoradh ar dhiúscairtí faoi Alt 4(1) agus 4A.



Cé go bhfuil gníomhaíocht an Bhiúró ag méadú i gcónaí, d'fhéadfadh an toradh ar an Státchiste athrú in aon bhliain ar leith. Is é is cúis leis sin go páirteach ná an oibleagáid fanacht seacht mbliana chun ordú PoC alt 4 a thabhairt chun críche mura bhfuil ordú toilithe faoi alt 4A ar fáil roimh na seacht mbliana. Tugann an miondealú thíos breac-chuntas ar sheoltán an Bhiúró chuig an Státchiste trí bhíthin alt 4(1) agus alt 4A den Acht PoC sa bhliain reatha agus sa bhliain roimhe sin.

Miondealú ar Alt 4(1) & 4A

Tuairisc	Líon na gCásanna 2024	€ 2024
Alt 4(1)	2	318,843
Alt 4A	30	2,798,794
Iomlán	32	3,117,637
Tuairisc	Líon na gCásanna 2025	€ 2025
Alt 4(1)	18	611,241
Alt 4A	21	2,863,004
Iomlán	39	3,474,245

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Chuireacht 1996 go 2016

Cás 1:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar lánúin tar éis d'Aonad Drugaí áitiúil atá lonnaithe i nDún na nGall cuardach a dhéanamh.

Le linn an imscrúdaithe, aithníodh saincheisteannta suntasacha leasa shóisialaigh agus measúnaíodh go ndearnadh ró-íocaíocht de €88,511.60.

D'éirigh leis an mBiúró ordúithe Ard-Chúirte de bhun alt 3 a fháil agus ina dhiaidh sin íocadh ordú toilithe alt 4A os cionn thart ar €63k a coinníodh in institiúid airgeadais agus an ró-íocaíocht leasa shóisialaigh ina n-iomláine.

Léiríonn an cás seo an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige idirghníomhaireachta a úsáideann an Biúró chun ár sainchúram reachtúil a bhaint amach.

An Bille um Fháлтаis ó Chuireacht agus Nithe Gaolmhara 2025

Cuimsítear sa Bhille um Fháлтаis ó Chuireacht agus Nithe Gaolmhara 2025 pacáiste suntasach leasuithe atá beartaithe chun córas sibhialta aisghabhála sócmhainní neamh-chiontúbhunaithe an Stáit agus na cumhachtaí reachtúla gaolmhara a fheidhmíonn an Biúró a nuachóiriú agus a neartú.

Leanann an Bille próiseas leathnaithe forbartha beartais agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, lena n-áirítear grinnscrúdú réamhreachtach ar an Scéim Ghinearálta in 2024. Rinne an Chomh-Aireacht é a fhaomhadh lena fhoilsiú ar

an 8 Iúil 2025 agus chríochnaigh sí an Tuarascáil agus na Céimeanna Deiridh i nDáil Éireann an 17 Nollaig 2025. Tá an Bille tar éis dul ar aghaidh go Seanad Éireann, áit a gcuirfear tús leis an Dara Céim in 2026.

Leasaíonn an Bille an tAcht PoC go príomha, agus déanann sé leasuithe gaolmhara ar an Acht CAB agus ar roinnt achtachán gaolmhara chomh maith. Áirítear ar a phríomh-athchóirithe cumhachtaí neartaithe coinneála sócmhainní agus srianta cuntais airgeadais, forálacha athbhreithnithe lena rialaítear ceapadh glacadóirí thar mhaoin a fhaigheann an Ard-Chúirt mar fháлтаis ó chuireacht agus laghdú suntasach ar an tréimhse nach mór a bheith caite sula bhféadfar ordú diúscartha deiridh a lorg.

Faoi láthair, ní mór d'ordú idirbhreitheach faoin Acht PoC a bheith i bhfeidhm de ghnáth ar feadh seacht mbliana sula bhféadfaidh an Ard-Chúirt ordú diúscartha deiridh a dhéanamh faoi alt 4. Moltar sa Bhille an tréimhse sin a laghdú go dhá bhliain. Leasaítear leis alt 4A chomh maith chun cead a thabhairt ordú diúscartha toilithe a dhéanamh tráth ar bith fad a fhanann an t-ordú idirbhreitheach i bhfeidhm, seachas le linn na tréimhse amháin sula dtiocfaidh iarratas ar dhiúscairt faoi chonspóid ar fáil faoi alt 4.

Cuirfidh na cumhachtaí nua dá bhforáiltear sa Bhille seo lena thuilleadh feabhais ar an mBiúró agus é i mbun a shainchúraim reachtúil a ngnóthachain neamhoilte a shéanadh agus a bhaint de choirpigh. Neartóidh na cumhachtaí seo

cumas an Bhiúró fáлтаis amhrasta ó choireacht a shainaithint, a chaomhnú agus a aisghabháil agus cosc a chur ar dhaoine leanúint de shócmhainní a theachtadh nó a dhíscáoileadh fad a bheidh imscrúduithe agus imeachtaí ar siúl.

Cuid 6

Le hAlt 6, déantar foráil d'ordú a dhéanamh ag an gcúirt le linn na tréimhse ina mbíonn ordú 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm chun an t-ordú a athrú chun críche na rudaí seo a leanas a cheadú don fhreagróir nó d'aon pháirtí eile:

1. Urscaoileadh de caiteachais mhaireachtála réasúnacha nó caiteachais riachtanacha eile; nó
2. Gnólacht, ceard, gairm nó slí ghairme eile a bhaineann leis an maoín a choinneáil ar siúl.

Ní dhearna aon ordú mar sin faoi Alt 3 den Acht um Fháлтаis ó Choireacht le linn 2025.

Cuid 7

Déantar foráil in Alt 7 maidir le Glacadóir a cheapadh ag an gcúirt agus é a bheith mar dhualgas ag an nGlacadóir sin luach na maoine chaomhnú nó an mhaoín a dhiúscairt i gcás maoín atá reoite cheana féin faoi orduithe Alt 2 nó Alt 3.

In 2025, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta maidir le 115 sócmhainn. I ngach cás, ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an glacadóir arna cheapadh ag an gcúirt.

Bhain na cásanna seo le heastát réadach, feithiclí, earraí dearthóra, seodra agus

uaireadóirí. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Art-Chúirt orduithe maidir le seilbh agus díol maoine i gcás an Ghlacadóra. Ní féidir ordú glacadóireachta a dhéanamh ach amháin má tá ordú Alt 2 nó Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

In 2025, leanadh d'Oifigeach Dlí an Bhiúró a cheapadh mar Ghlacadóir thar chíosanna réadmhaoine tráchtála chun nach leanfadh an freagróir de thairbhe a bhaint as fáлтаis na coireachta.

Soláthraíonn sé seo uirlis eile a chuidíonn leis an mBiúró a shainchúram reachtúil a chur i gcrích.

Cuma na Rathúlachta

Ag a chroílár, aithnítear luach na hoibre a dhéanann an Biúró trína straitéis um “shéanadh agus baint.” Aithnítear rath inchainníochtaithe agus tionchar sochaíoch níos leithne araon mar gheall ar dhéantacht na straitéise séanta agus díothaithe. Is léir an chéad cheann trí na méadrachtaí a chuirtear i láthair ar fud na tuarascála seo. Léirítear an dara ceann i dtáscairí sochaíocha níos leithne a léirítear chun pobail a chosaint, an bonn a bhaint de thionchar na coireachta eagraithe, agus a chur in iúl go soiléir nach suaitheantas na rathúlachta iad sócmhainní coiriúla ach fianaise ar éagóir gur féidir leis an Stát agus go ndéanfaidh an Stát aghaidh a thabhairt air.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht 1996 go 2016

Ráiteas na gCuntas Glacadóireachta

	Euro€	Stg£	US\$
Iarmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta 01/01/2025	13,275,262.63	1.54	679,055.93
Méideanna a réadaíodh, ús agus réamhíocaíochtaí oibríochtúla san áireamh	5,800,639.82	0.00	10,036.89
Íocaíochtaí amach, íocaíochtaí don Státchiste, caiteachas glacadóireachta oibríochtúla, urscaoileadh morgáistí gan íoc agus cistí arna dtabhairt ar ais faoin Ordú Cúirte san áireamh	4,113,993.30	0.00	0.00
Iarmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta 31/12/2025	14,961,909.15	1.54	689,092.82

Cuid a Ceathair

Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró

An Oifig um Bainistíocht Sócmhainní

Bhunaigh an Biúró Oifig um Bainistíocht Sócmhainní (AMO) chun bainistíocht inmheánach shonrach a dhéanamh ar shócmhainní atá á rialú ag an mBiúró.

Éilíonn an raon ginearálta sócmhainní a bhfuil an Biúró freagrach astu acmhainní suntasacha a imlonnú. Bainistítear gach sócmhainn chun a luach a chothabháil, chun oibleagáidí dlí an Bhiúró a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr nuair a chuirtear a leithéid ar fáil don Státchiste.

Ceanglaíonn Acht PoC go mbeidh sócmhainn (nó a luach réadaithe) a coimeád i gcomhair tréimhse seacht mbliana i ndiaidh don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh (mura bhfuil comhaontú faighte ó na páirtithe lena mbaineann i ndáil le diúscairt láithreach).

Sa chleachtas, is féidir leis an tréimhse sin a bheith i bhfad níos faide mar gheall ar achomhairc ar orduithe mar sin agus agóidí ina gcoinne. I gcás sócmhainní áirithe, cosúil le réadmhaoin, d'fhéadfadh acmhainní leanúnacha a bheith ag teastáil chun an réadmhaoin a chothabháil, lena n-áirítear i gcásanna áirithe, an Biúró ag feidhmiú mar thiarna talún.

Le cois na sócmhainní inláimhsithe atá á gcoimeád ag an mBiúró, tá sócmhainní suntasacha ann a bhaineann le dliteanais gan íoc don Bhiúró faoin na hAchtanna Ioncaim

agus Leasa Shóisialaigh. Tá na fiachais seo á mbainistiú ag AMO chomh maith agus é mar aidhm a luach a réadú. Soláthraíonn an oifig seo leibhéal rialachais níos airde do shócmhainní atá á rialú ag an mBiúró

Sócmhainní arna mbainistiú ag an mBiúró

Tá AMO freagrach as bainistiú agus rialú sócmhainní urghafa ag an mBiúró de bhun orduithe déanta faoi Acht PoC. Cabhraíonn AMO leis an nGlacadóir atá ceaptha ag an gCúirt chun a f(h)eidhm a chomhlíonadh faoi alt 7 d'Acht PoC.

San áireamh i mbainistíocht, i monatóireacht agus i rialú sócmhainne tá an tsócmhainn a chothabháil ón uair a nglacann an Biúró seilbh uirthi (trí bhithín urghabhála nó ordaithe cúirte) agus luach agus bail na sócmhainne a chaomhnú go dtí go ndéantar í a dhiúscairt. I gcás eastáit réadaigh, tá AMO freagrach as seilbh a ghlacadh air, cigireacht a dhéanamh air agus an réadmhaoin a choimeád slán ar an dáta atá sonraithe ag an ordú cúirte ábhartha.

Eagraíonn AMO na hoibreacha riachtanacha atá le déanamh i.e., cothabháil, aláram ionraidh a shuiteáil, cigireacht a dhéanamh ar Dheimhniú RFF agus luacháil á déanamh ag ceantálaí.

Diúscairt Sócmhainní AMO

Agus iarracht á déanamh an luach is fearr is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn aon sócmhainn á diúscairt, baineann an Biúró tairbhe as

Cuid a Ceathair

Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró

saineolaithe tionscail ón earnáil phríobháideach chun comhairle a chur ar fáil agus chun sócmhainní a dhiúscairt trí cheant agus / nó díolacháin ar chonradh príobháideach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara cé go n-urghabhann agus go ndiúscaíonn an Biúró sócmhainní a chruthaíonn glanfiúchas don Stáitchiste, gurb é misean an Bhiúró a sócmhainní a ceannaíodh le fáiltais ó iompar coiriúil a dhiúltú dó choirpigh, a choinneáil uathu agus cur isteach orthu.

Tá tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí an Bhiúró sna pobail áitiúla ina raibh sócmhainní coirpeach spriocdhírthe. Tá an teachtaireacht agus an tionchar dearfach ar na pobail sin, i ndiaidh ghníomhaíochtaí an Bhiúró, chomh Tá an teachtaireacht agus an tionchar dearfach ar na pobail seo, i ndiaidh ghníomhartha an Bhiúró, chomh mór céanna, mura bhfuil sé níos tábhachtaí, ná sócmhainní urghafa a dhíol.

Ceant Ar Líne

I mí na Nollag 2025, reáchtáil an Biúró a thríú ceant ar líne a fógraíodh go poiblí ar chuir daoine ar fud an domhain spéis ann agus inar cuireadh 135 mír ar fáil, só-earraí ardluacha, uaireadóirí, seodra agus earraí dearthóra ina measc.

Bhí na hearraí ar fad a cuireadh ar fáil don cheant fíordheimhnithe agus cuireadh na glanfáltais ar fáil don Stáitchiste. Bhailigh an Biúró breis is €183k mar thoradh ar shócmhainní urghafa a dhíol ag an gceant seo.

I measc na mbuaicphointí ón gceant bhí:

- Bonn Órbhuillin Krugerrand 1oz a díoladh ar luach €3,700 ag ceant.



- 18 uaireadóir dearthóra a dhíoltar ar €156,870 lena n-áirítear uaireadóir Audemars Piquet 18ct Darach Ríoga ór rósach a rinne €38,020 agus Uaireadóir Ór Rolex d'fhir a rinne €21,060.



- 3 phíosa seodra a rinne €10,235 agus ina raibh slabhra zirconia óir buí agus bán a rinne €7,070.



- Rinne 4 mhála láimhe dearthóra €4,650 agus díoladh mála sparáin Chanel ar € 1,785 agus Mála Louis Vuitton George ar € 1,010.



Díol Réadmhaoine

Mar gheall ar mhéadú ar leibhéal foirne sa Rannóg um Shócmhainní Coiriúla, thug an Biúró méadú suntasach ar dhíol réadmhaoine faoi deara. In 2025, rinne an Biúró 18 réadmhaoín ar fud na tíre a chur chun cinn agus a dhíol ar phraghas €4.953m.

Cás 1:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú, tar éis oibríocht chuardaigh faoi stiúir faisnéise i mí Eanáir 2019, arna dhéanamh ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe ag baile lánúin ón Moldóiv a bhfuil cónaí orthu lena 3 leanbh i gCo. Lú.

Mar thoradh ar an gcuardach, urghabhadh luibh cannabais ar luach €950,000 í.

Bhí faisnéis ag na Gardaí roimh na cuardaigh maidir leis an gcaoi ar aithníodh an duine mar cheannaire ar ghrúpa coireachta eagraithe trasnáisiúnta ina raibh náisiúnaigh ón

Moldóiv a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, sa Mholdóiv agus sa Spáinn páirteach i smuigleáil arm tine agus drugaí rialaithe.

Aithnítear i dtuarascáil a chuir suirbhéir cainníochta i gcrích thar ceann an Bhiúró go raibh caiteachas foriomlán de €1,093,775 ag teastáil chun an réadmhaoín agus na tailte a thabhairt chuig an gcaighdeán áirithe a bhí air maidin an chuardaigh; ceannaíodh an chéad lá riamh é ar €190,000 in 2014.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhun alt 2, alt 7 agus alt 4A d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoín suite i gCo. Lú
- Mercedes Benz E 220 CDI (luacháilte ag €65,000)
- €98,607.89 a bhí á choinneáil in institiúidí airgeadais
- €5,000 airgead tirim

Bhain an réadmhaoín praghas díola €649,000 amach ag ceant.



Seomra folctha an Phríomhsheomra

Cás 2:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú ar shócmhainní agus ar ghníomhaíochtaí duine aonair tar éis próifíl a fháil ó Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní

Cuid a Ceathair

Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró

oilte atá ceangailte le Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas. Bhí sé amuigh ar an duine sin go raibh baint aige le saothrú cannabais ar an mórscála ar fud na tíre.



Teach fáis

Tar éis imscrúdú fairsing, sainaithníodh gur ceannaíodh dhá réadmhaoin agus dáileacht talún i gCo. Liatroma le fáltais a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla.

Fuair an Biúró Orduithe Ard-Chúirte de bhun Alt 2, 3, 7 agus 4A d'Acht PoC i ndáil leis na réadmhaoin sin. In 2025, dhíol an Biúró na réadmhaoin sin ar ceant poiblí ar €257,000.

Cás 3:

Mar thoradh ar atreorú ó Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní oilte i réigiún Bhaile Átha Cliath Thuaidh, sheol an Biúró imscrúdú ar phríomhbhall de cheann de dhá ghrúpa suntasacha coireachta eagraithe trasnáisiúnta a bhí gafa roimhe seo mar gheall ar robáil armtha, fuadaigh thíoghracha agus dúnmharú.

Fuair an Biúró orduithe de bhun alt 3, 7 agus 4A d'Acht PoC i leith 3 shócmhainn, is iad sin, maoin chónaithe i mBaile Átha Cliath, feithicil agus uaireadóir Rolex. Mar thoradh ar an imscrúdú, aithníodh réadmhaoin shuntasach i mBaile Átha Cliath a ceannaíodh in 2013 ar €125,000.

Tógadh an réadmhaoin thart ar na 1970idí agus is réadmhaoin leathscote dhá stór í. Tháinig tuarascáil an tSuirbhéara Cainníochta ar an gconclúid go ndearnadh an réadmhaoin a leathnú agus a athchóiriú den chuid is mó le cabhsa nua, ballaí teorann agus gairdín cúil.

Tá trí sheomra leapa ensuite agus seomra folctha ar an gcéad urlár, agus staighre ag dul suas chuig seomra leapa eile agus ensuite ar an áiléar dara hurlár sa réadmhaoin. Tugadh le fios i dtuarascáil an tSuirbhéara Cainníochtaí chomh maith go raibh €440,894 (CBL san áireamh) caite ar athchóirithe ar an réadmhaoin.

Tar éis breithiúnas Ard-Chúirte, ghlac an Biúró seilbh ar an réadmhaoin in 2025.

Bhí damáiste fairsing déanta don réadmhaoin, agus an príomhstaighre agus na haonaid chistine bainte amach go hiomlán. Chuir an Biúró Fógra Foriarratais isteach os comhair na hArd-Chúirte in 2025 i leith an damáiste seo agus i mí na Samhna 2025, dhíol sé an réadmhaoin seo ar €308,000.

Rinneadh iarratas de bhun alt 5 den Acht PoC ar na freagróirí *'an damáiste a shlánú tríd (an réadmhaoine) a athshlánú' 'agus/nó íocaíocht a dhéanamh'*. Tráth scríofa na tuarascála, tá an Biúró ag fanacht le breithiúnas na hArd-Chúirte.



Aghaidh an tí, tar éis athchóirithe

Cás 4:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú tar éis ghabháil triúr príomhbhall de ghrúpa coireachta eagraithe as iarracht a dhéanamh airgead tirim a sheachadadh chuig meaisín ATM i gceantar Chontae na Mí. Rinne an Biúró iarratas chuig an Ard-Chúirt faoin Acht PoC ar dhá réadmhaoine atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath Thuaidh.

Ceannaíodh an chéad réadmhaoine atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath Thuaidh in 2005 ar €360,000. Cuireadh tús le hobair athchóirithe in 2006 chun síneadh a chur ar chúl na réadmhaoine, garáiste, tiontú áiléir agus síneadh tí san áireamh. Bhí úinéirí na réadmhaoine páirteach san iliomad cionta coiriúla agus níor thacaigh a n-ioncam dlisteanach le fáil

na réadmhaoine seo ná lena hathchóiriú.

Fuair an Biúró ordú Ard-Chúirte ar an réadmhaoine seo, de bhun alt 2 den Acht PoC in 2020. Rinne úinéirí na réadmhaoine achomharc chuig an gCúirt Achomhairc agus in 2024, chaith an Ard-Chúirt an cás amach. Rinne úinéirí na réadmhaoine achomharc in aghaidh an chinnidh seo chuig an gCúirt Uachtarach arís inar seasadh leis an mbreithiúnas bunaidh agus inar deonaíodh ordú alt 7.



Cúl na réadmhaoine

Ghlac an Biúró seilbh ar an réadmhaoine agus in 2025, díoladh an réadmhaoine ar ceant ar €573,000.

Sé mhí i ndiaidh na chéad réadmhaoine a cheannach, ceannaíodh an dara réadmhaoine ar thart ar €310,000. Cé go raibh an réadmhaoine seo mar chuid den bhuniarratas ar fháltais ó choireacht, baineadh an réadmhaoine as an iarratas ina dhiaidh sin toisc gur díoladh í mar chuid de shocrú dócmhainneachta pearsanta.

Cás 5:

In 2006, chuir an Biúró tús le himscrúdú ar dhuine a raibh cónaí air i

Cuid a Ceathair

Bainistíocht Sócmhainní laistigh den Bhiúró

gCo. Chill Chainnigh inar oibrigh sé gnó feirme agus tarlaithe. Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró, bhí an duine seo faoi réir measúnuithe cánach ioncaim don tréimhse 1992 go 2006, na blianta sin san áireamh.

In 2009, fuair an duine sin éileamh deiridh ón mBiúró a chuimsigh cáin agus ús dlite. Mar gheall ar theip na híocaíochta ag an duine aonair, lorg agus fuair an Biúró breithiúnas ón Ard-Chúirt in 2013 i leith €4.9 milliún (cáin & ús san áireamh). Shainaithin imscrúdú an Bhiúró réadmhaoín i mBaile Átha Cliath Theas chomh maith agus fuair sé morgáiste breithiúnais i gcoinne na réadmhaoine seo.

Sna blianta ina dhiaidh sin, theip ar an duine seo a dhliteanas cánach a íoc. Go dtí seo, shaothraigh an Biúró na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas chun an cháin atá dlite a bhailiú:

1. Ghabh an Sirriam Ioncaim tréad de 120 eallach ó fheirm an duine seo i gCo. Chill Chainnigh
2. Baineadh úsáid as orduithe ceangail chun airgead an duine seo a bhí ar cuntas i roinnt marglanna eallaigh in Oirdheisceart na tíre a urghabháil.
3. Rinneadh cistí in institiúidí airgeadais, á sealbhú in ainmneacha daoine eile, a urghabháil trí orduithe Ceangail.
4. Le hordú ceangail, gabhadh deontais a bhí dlite don duine seo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Dhíol an Biúró an réadmhaoín ar ceant i mí Dheireadh Fómhair 2025 ar luach €750,000. Tá caingne forfheidhmithe ag leanúint ar aghaidh i gcoinne an duine aonair de bhun a fhiachais gan íoc.



Aghaidh an tí

Cás 6:

Chuir an Biúró tús le himscrúdú i mí Lúnasa 2019, ar dhuine a raibh amhras ann go raibh sé ag cabhrú lena céile mar thiománaí ó thaobh a bhallraíochta i ngrúpa coireachta eagraithe a bhí ag taisteal na tíre i mbun buirgléireachta.

Fuair an Biúró orduithe Ard-Chúirte de bhun alt 2 agus alt 3 d'Acht PoC i ndáil leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoín suite i bPort Laoise
- Volkswagen Golf
- 5 Mhála Láimhe Dearthóra Chanel luacháilte ag €13,700


- Uaireadóir airgid Cartier luacháilte ag €2,000
- Uaireadóir Grianchloch Chanel luacháilte ag €900
- Bráisléad óir bán 14 carat luacháilte ag €1,900
- Bráisléad óir bán 14 carat luacháilte ag €2,300
- Bráisléad óir bán 14 carat luacháilte ag €2,500
- £6,900 stg in airgead tirim
- €700 in airgead tirim

Dhíol an Biúró an réadmhaoin seo in 2025 agus bhain sé praghas díola €91,000 amach.



Aghaidh an tí

Oibríochtaí Cuardaigh a Reáchtáladh, de réir an Chontae, in 2025



Cuid a Cúig

Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

Forléargas

Is Oifigigh loncaim lánaimseartha iad Oifigigh loncaim an Bhiúró a thugtar ar iasacht don Bhiúró chun feidhmeanna na gCoimisinéirí loncaim a chomhlíonadh. Cuireann Oifigigh loncaim an Bhiúró dualgais i gcrích de réir na nAchtanna seo a leanas - an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, arna leasú, (dá ngairtear na hAchtanna Cánach anseo ina dhiaidh seo) chun a chinntiú go bhfuil fáлтаis ó choireacht, nó coireacht a bhfuil amhras fúithi, faoi réir cánach.

Agus an fheidhm seo á cur i gcrích, oibríonn Oifigigh loncaim an Bhiúró i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Bhiúró, chun an fhaisnéis go léir atá ar fáil a bhailiú chun ioncam inchánach a dhíorthaítear, nó a bhfuil amhras ann go ndíorthaítear é, ó fhoinsí anaithnid nó neamhdhleathacha de réir an Achta a shainaithint.

Ardaíonn Oifigigh loncaim an Bhiúró measúnuithe cánach, eisiónn siad éilimh chánach agus, le tacaíocht ón mBiúró, úsáideann siad na huirlisí forfheidhmithe go léir atá ar fáil chun na measúnuithe cánach sin a bhailiú agus a sheachadadh i gcomhréir le plean straitéiseach an Bhiúró do 2024 - 2027.

Oibríonn Oifigigh loncaim an Bhiúró i ndlúthpháirt lena gcomhghleacaithe in

Oifig na gCoimisinéirí loncaim. Cuirtear cásanna ardriosca imghabhála cánach a bhfuil amhras fúthu faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh.

Feidhmeanna Cánach

Seo a leanas achoimre ar ghníomhartha curtha i gcrích ag an mBiúró i rith 2025 agus nuashonrú maidir le stádas na n-achomharc a rinneadh de bhunadh measúnuithe agus cinntí cánach arna ndéanamh ag an mBiúró.

Measúnuithe Cánach

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh loncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh faoi alt 58 d'Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear TCA 1997 anseo ina dhiaidh seo) - an t-alt muirearaithe.

I rith 2025, rinneadh measúnú ar 25 duine aonair agus eintiteas corparáideach faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach. Bhí luach iomlán na measúnuithe a eisíodh cothrom le €14.27 milliún.

Achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach

Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) ar an 21 Márta 2016 mar chomhlacht reachtúil neamh-spleách, arb é an phríomh-fheidhm atá aige achomhairc i gcoinne an Bhiúró agus na gCoimisinéirí loncaim maidir le cánacha agus dualgais a éisteacht, a chinneadh agus

a dhiúscairt de réir na reachtaíochta ábhartha.

Le linn 2025, rinneadh teagmháil leanúnach idir an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus an Biúró de bhun measúnuithe cánach a rinneadh.

As an rannpháirtíocht sin, cuireadh roinnt achomharc chun cinn, lena n-áirítear roinnt cásanna oidhreachta a d'éiligh tacaíocht dhlíthiúil ón Rannóg um Shócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh ag obair go dearfach leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach agus é mar aidhm dlús a chur le gach achomharc cánach oscailte.

Le linn 2025, rinne an Coimisiún um Achomhairc Chánach achomharc amháin (1) a chaitheamh amach agus tharraing na hachomharcóirí siar beirt (2) eile.

Lena chois sin, eisíodh cinneadh amháin i bhfabhar an Bhiúró. Sa chinneadh seo, fuair an Coimisinéir Achomhairc, atá faoi cheangal ag reachtaíocht atá i réim agus cásdlí treoraithe ó na hUaschúirteanna,

- gur ar an Achomharcóir a bheidh an dualgas cruthúnais
- gurb é an tAchomharcóir a chaithfidh an Coimisiún a shásamh ag tairseach chothrom na dóchúlachta,
- go bhfuil an measúnú cánach a rinneadh ina gcoinne mícheart.

Luaigh an Coimisinéir ina cinneadh, an prionsabal dlíthiúil ceangailteach mar atá luaite i gcás Ard-Chúirte *Menolly Homes Ltd v Coimisinéirí Achomhairc agus Anor*. [2010] IEHC 49.

I ndeireadh na dála, chinn an Coimisinéir go raibh an freagróir i dteideal aird a tharraingt ar na Fógraí Measúnachta agus go seasfaidh na méideanna a ardaíodh, faoi fhorálacha Alt 949AK (1)(c) den TCA 1997, san Fhógra Measúnachta.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 14 achomharc oscailte.

Nuashonrú ar chás 2024:

In 2024 chuir an Biúró i gcoinne Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar a phróisis agus ar phróisis TAC i ndáil leis an Dualgas Cruthúnais.

Chuir an Breitheamh Alexander Owens eolas maidir le cinneadh na hArd-Chúirte ar fáil ar an 30 Iúil 2024 agus thacaigh sé le seasamh an Bhiúró gur leis an achomharcóir a bhain an dualgas cruthúnais i ndáil le hachomharc chuig TAC. Ina dhiaidh sin, rinne na Gearánaithe achomharc chuig an gCúirt Achomhairc i gcás, le linn 2025, gur éisteadh an t-ábhar agus go ndearnadh rialú.

Leis an rialú, treisíodh an seasamh nach n-aistríonn an dualgas cruthúnais ón nGearánaí i ndáil le saincheist na cónaitheachta. Bhí an cinneadh sa chás seo i bhfabhar an Bhiúró i ndeireadh na dála. Rinne na gearánaithe achomharc chuig an gCúirt Achomhairc i gcoinne an chinnidh. D'éist an Chúirt

Achomhairc leis an gcás agus tugadh rialú i bhfabhar an Bhiúró in 2025.

Bailiúcháin

Molann Oifigigh loncaim an Bhiúró comhlíonadh le fiachais chánach ach i gcás nach bhfuil aon rannpháirtíocht fhiúntach ag teacht, áfach, tugtar de chumhacht d'Oifigigh loncaim an Bhiúró gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a bhailiú nuair a thagann siad chun bheith críochnaitheach agus dochloíte.

I rith na bliana, tugadh faoi ghníomhartha forfheidhmithe agus tugadh aird chuí ar chothroime, comhréireacht agus cearta cáiníochairí lena gcinntítear go gcloítear le hoibleagáidí reachtúla agus i gcomhréir le Misean agus Fís an Bhiúró.

I measc na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe, tá Fógra Astaithe, ceapachán sirriam agus iliomad imeachtaí aisghabhála dlíthiúla a raibh díol sócmhainní agus réadmhaoine ar ceant mar thoradh orthu.

Leanadh de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a sheachadadh i gcomhréir le caighdeán ghairmiúla, agus bhí TCA 1997 mar bhonn agus taca aici agus bunaíodh nósanna imeachta rialachais.

Tá cumhachtaí bailithe ag Oifigigh an Bhiúró loncaim faoin TCA 1997 mar seo a leanas:

- Éilimh a eisiúint – Alt 960E TCA 1997

- Cumhacht astaithe – Alt 1002 TCA 1997
- Gníomh sirriam – Alt 960L TCA 1997
- Imeachtaí sibhialta – Alt 960I TCA 1997

Aisghabhálacha

In 2025, d'aisghabháil an Biúró cáin ó 270 duine aonair agus eintiteas corparáideach, trí chomhaontuithe, forfheidhmiú, imeachtaí cúirte agus íocaíochtaí eile. Bailíodh €10.796 milliún ar fad.

Éilimh

I rith 2025, seirbheáladh éilimh chánach (ús san áireamh) de réir alt 960E TCA 1997 i ndáil le 40 duine aonair agus eintiteas corparáideach cothrom le €16.002 milliún.

Socraíochtaí

I rith 2025, ghlan 16 duine aonair dliteanais chánach gan íoc leis an mBiúró trí chomhaontú lena bhain suim iomlán de €2.941 milliún.

Imscrúduithe

Leanann na Coimisinéirí loncaim ag obair leis na gníomhaireachtaí go léir sa Bhiúró chun buntáistí a bhaineann le hiompar coiriúil a dhiúltú agus a bhaint de dhaoine aonair trí chumhachtaí na gCoimisinéirí loncaim a úsáid mar a fhorordaítear in Alt 5(1)(b) den Acht CAB.

Rinneadh go leor iarrachtaí chun gach suim a bhailiú a ndearnadh a mheas i ndáil leis na daoine aonair i ndiaidh don duine aonair úsáid a bhaint as gach

Cuid a Cúig

Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

dúshlán dlí i ndáil leis na measúnuithe nó na nósanna imeachta measúnaithe. Le linn 2025, rinneadh imscrúduithe níos mó ar struchtúir cásanna níos casta, agus feicfear a dtorthaí le linn 2026.

Ina theannta sin, tacaíonn Oifigigh loncaim an Bhiúró le gníomhaíochtaí fáltais ó choireacht trí chur síos a dhéanamh ar na fíorais atá le fáil ar chórais na gCoimisinéirí loncaim, arna nochtadh i gceart, maidir leis an ioncam dearbhaithe, na sócmhainní faighte nó diúscairthe i measc faisnéise eile.

Déantar daoine aonair atá faoi réir measúnaithe cánach, faoi aon chineál cánach, a mheas bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Bhiúró nuair a ríomhtar na measúnuithe.

Tá ceart chun achomhairc ag na daoine aonair a ndearnadh measúnú orthu chun tairbhe a bhaint as gach córas dlí atá ar fáil chun dúshlán na measúnuithe a thabhairt. San áireamh tá achomharc a chur faoi bhráid TAC, achomharc ina dhiaidh sin a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le ponc dlí agus tuilleadh achomharc a chur faoi bhráid na nArd-Chúirteanna.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil an ceart ag daoine aonair measta athbhreithniú breithiúnach a lorg tríd an Ard-Chúirt má tá siad den tuairim nár cuireadh an próiseas ná an nós imeachta ceart i bhfeidhm.

Ní féidir tús a chur le bailiú na méideanna measta ach nuair atá na

nósanna imeachta achomhairc agus athbhreithnithe curtha i gcrích agus nuair a mheastar go bhfuil an cháin críochnaitheach agus dochloíte.

Chun dliteanais chánach a réiteach, ar an gcéad dul síos, déanann Oifigigh loncaim an Bhiúró socraíochtaí a eagrú le spriocanna an Bhiúró le linn an phróisis achomhairc agus athbhreithnithe. Mura gcomhlíontar an dliteanas i ndeireadh na dála, saothraíonn an Biúró fiacha cánach ag baint úsáide as na meicníochtaí bailithe go léir atá ar fáil, Fógra Astaithe san áireamh, tarchur chuig an sirriam nó forfheidhmiú aturnae trí na cúirteanna.

Déanann aturnaetha an fiach a dhaingniú i dtosach trí bhreithiúnas cúirte a fháil a osclaíonn roinnt roghanna forfheidhmithe. I measc na roghanna forfheidhmithe iar-bhreithiúnais, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá clárú morgáistí breithiúnais i gcoinne leas an fhéichiúnaí i sócmhainní agus díolachán éigeantais maoinne gan toiliú an duine aonair.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tá go leor cineálacha iompair choiriúil ann lena n-áirítear: Goid agus Calaois, Sciúradh Airgid trí Thrádáil Carranna Athlámhe, agus Díol agus Soláthar Drugaí Mídhleathacha. Foráiltear d'údarás na gCoimisinéirí loncaim chun measúnú a dhéanamh ar airgead faighte go neamhdhleathach ag daoine aonair faoi alt 58 TCA 1997:

“58.-(1) Beidh cáin inmhuirearaithe ar bhrabúis nó gnóthchain d'ainneoin

gurbh amhlaidh, an tráth a rinneadh measúnacht i leith cánach maidir leis na brabúis nó na gnóthchain sin

- (a) Nárbh eol don chigire an bunadh ónar eascair na brabúis nó na gnóthchain sin,*
- (b) Nárbh eol dó gur eascair na brabúis nó na gnóthchain go hiomlán nó go páirteach ó bhunadh dleathach nó ó ghníomhaíocht dhleathach, nó*
- (c) Gur eascair na brabúis nó na gnóthchain, agus gurbh eol don chigire gur eascair siad, ó bhunadh nó gníomhaíocht neamhdhleathach.*
57. Ba í an fhianaise gur in agallamh ar an 22 Meitheamh 2019 a dúirt an tUasal Calvert agus Iníon Harty araon leis an nGarda O’Grady gur le hIníon Harty an €17,145 agus an stg.£30. Go sonrach, dúirt an tUasal Calvert leis an nGarda O’Grady nár leis-sean aon chuid den airgead sin. Ba é sin an cás a rinne Iníon Harty ina mionnscribhinn freagartha ina ndearna sí iarracht cuntas a thabhairt air i bpáirt mar fháltais ó eisíocaíocht árachais in 2015.

58. In agallamh ar an 4 Meitheamh 2021 dúirt Iníon Harty leis na Gardaí gur tháinig an €5,860 a urghabhadh ansin ó airgead a fuair sí ó árachas AXA i mí na Samhna 2019. Ba é sin an méid a mhionnaigh sí ina mionnscribhinn freagartha a comhdaíodh ar an 3 Aibreán 2024 inar gheall sí – mar a bhí bunaithe cheana féin ag an mBiúró – go raibh an t-airgead AXA taiscthe chuig an gcuntas AIB agus tarraingthe amach nach mór láithreach in airgead tirim. Ba í fianaise Iníon Harty go raibh “... an t-airgead sin againn inár n-áit chónaithe.”

Thart ar chúig seachtaine roimhe sin, ina mhionnscribhinn a comhdaíodh ar an 26 Feabhra, 2024, mhionnaigh an tUasal

Calvert gur “... cistí barrachais ó m’éilimh árachais a fuarthas roimhe seo” an €5,860 a urghabhadh an 4 Meitheamh 2021. (Béim curtha leis.) I gcás fhianaise Iníon Harty go bhféadfaí an €5,860 a chur san áireamh mar is léir go raibh fáltais a híocaíochta AXA ar neamhréir le fianaise an Uasail Calvert gurbh é fáltais a eisíocaíochta AXA é ach is é an pointe, chun na gcríoch seo, ná gur fhéach an bheirt acu leis an gcás a dhéanamh go raibh an t-airgead díorthaithe go díreach ó AXA. Ar leithligh, i mionnscribhinní a comhdaíodh sa Chúirt seo i ndáil lena n-iarratas ar chúnamh dlíthiúil, thagair an tUasal Calvert agus Iníon Harty araon don airgead a urghabhadh ar an 4 Meitheamh 2021 mar airgead a shábháil siad agus ó eisíocaíochtaí díobhála pearsanta a fuair siad.

59. Ní dhearna na hachomharcóirí iarracht dul i ngleic le haon cheann díobh seo. Níl aon dúshlán roimh chinneadh an bhreithimh go raibh an tUasal Calvert ina dhéileálaí drugaí bunaithe a bhí ag fáil airgid shubstaintiúil ón ngníomhaíocht sin ar feadh roinnt blianta. Ní thugann aighneachtaí na n-achomharcóirí ach a mínithe agus a bhfianaise chun cuimhne gan iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na cúiseanna ar dhiúltaigh an breitheamh dóibh. Murab ionann agus a n-aighneachtaí ar an achomharc, rinne na hachomharcóirí an cás gurbh é an

t-airgead a urghabhadh fáлтаis a n-éileamh árachais.

60. *D'fhéach abhcóide do na hachomharcóirí le go leor a dhéanamh d'easpa fianaise ar stíl mhaireachtála flaithiúil. Is fíor sa chás seo nach raibh aon fhianaise ar ghluaisteáin nó uaireadóirí an-daor nó a leithéid; agus, dála an scéil, go raibh an breitheamh amhrasach faoi na figiúirí a úsáideadh in anailís stíl mhaireachtála chuntasóir fóiréinseach an Bhiúró. Léiríodh go soiléir san fhianaise, áfach, éadail sócmhainní nach bhféadfadh foinsí dlisteanacha cuntas a thabhairt orthu.*

61. *Maidir le fáil agus athchóiriú na réadmhaoine, ní raibh aon mholadh ann riamh go raibh aon ranníocaíocht déanta ag Iníon Harty leis an gcostas. Réitíodh an tsaincheist maidir le fíorchostas éadála na réadmhaoine sin i bhfabhar na n-achomharcóirí. Ní raibh aon dúshlán roimh mheasúnú an bhreithimh ar chostas dóchúil an athchóirithe. Ag fágáil airgead Iníon Calvert ar leataobh, bhí an caiteachas iomlán i dtaca le Corrán Shaingil go mór sa bhreis ar €100,000 agus bhí an caiteachas iomlán i dtaca le Cúirt an Chlocháin rud éigin in ord €38,000 móide costais éadála. Bhí an caiteachas seo ar fad in airgead tirim – agus bhí sé ar fad le hiompar ag an Uasal Calvert. Rinne an breitheamh scrúdú cúramach ar dhearbhuith an Uasail Calvert gur tháinig an*

acmhainn ó eisíocaíochtaí árachais, ó chorrphoist, ó phoist Tommo, ó chamscéimeanna agus ó scimeáil liúntais na leanaí agus – ar na cúiseanna a tugadh – dhiúltaigh sé dóibh. Níor chuir dearbhú lom na n-achomharcóirí nach gcuireann “na suimeanna seo a tháinig ó fhoinsí dlisteanacha” fiacail sa bhreithiúnas fiú.

Maidir le hachomharc an ordaithe glacadóireachta ar Chúirt an Chlocháin, thug an chúirt dá haire nach dtacaíonn an fhianaise – faoi threoir na socruithe maireachtála reatha, a toisí agus cé mhéad seomra codlata a d'fhéadfadh a bheith aici - leis an aighneacht gurbh é maoin Chúirt an Chlocháin teach teaghlaigh beartaithe na n-achomharcóirí agus leanaí Iníon Harty. Go deimhin, chinn an chúirt gurb é fíric oibiachtúil an ábhair ná go bhfuil an mhaoin neamhiomlán agus mí-oiriúnach lena háitiú mar áit chónaithe. Níl aon fhianaise ann maidir leis an méid is dócha a chosnódh sé chun é a chríochnú ach thug sé faoi deara freisin an easpa aon ioncam dlisteanach a bhí le déanamh ag na hAchomharcóirí.

Chinn an chúirt agus í ag tabhairt dá haire gur leagadh an t-ualach ar na hachomharcóirí maidir le hearráid a bhunú i dtorthaí na hArd-Chúirte, nár chomhlíon siad an t-ualach sin amhlaidh.

Dá réir sin, i mbreithiúnas d'aon ghuth, d'áitigh an chúirt nach ndearna breitheamh na trialach aon earráid agus cinneadh an t-achomharc a dhíbhe.

Cuid a Naoi

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

An Pheirspictíocht

Idirnáisiúnta

Mar ghníomhaireacht atá ag feidhmiú ag an líne thosaigh chomh fada is a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne na coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró chun a fheidhm a chomhlíonadh, bunaithe a bheag nó a mhór, ar a chur chuige idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach, a bhfuil tacar uathúil de phrionsabail dlí ag tacú leis. Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe dlí ag leibhéal idirnáisiúnta.

An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO)

Is é an Biúró an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn. I ndiaidh Cinneadh ón gComhairle Eorpach in 2007, bunaíodh Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ar fud an Aontais Eorpaigh chun deis a thabhairt faisnéis a mhalartú idir gníomhaireachtaí

forfheidhmithe dlí a raibh baint acu le himscrúdú, le sainaithint agus le coigistiú sócmhainní a measadh gurb ionann iad agus fáлтаis ó iompar coiriúil.

Mar chuid dá thiomantas mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní, ghlac an Biúró páirt ghníomhach i nGréasán ARO in 2025. D'fhreastail Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, agus an Bleachtaire Cigire, Barry Butler, ar 2

chruinniú ARO sa Bhruiséil i mí an Mhárta agus i mí na Samhna 2025.

I rith 2025, ghlac an Biúró le 132 iarratas ar chúnamh. Bhí ar chumas an Bhiúró faisnéis a chur ar fáil i ndáil leis na hiarratais sin ar fad. Fuarthas na hiarratais sin ó 21 tír ar fud an domhain.

I rith 2025, bhain an Biúró tuilleadh úsáide ar an ngréasán seo agus seoladh 23 iarratas chuig 7 dtír éagsúla ar fud an domhain i gcomparáid le 33 iarratas chuig 17 tír i rith 2024.



Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Bunaithe ar dhearcadh oibríochtúil, tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. D'fhéadfadh rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí den chineál sin a bheith éagsúil ag brath ar imthosca an cháis. D'fhéadfadh faisnéis leanúnach a bheith á soláthar chun cabhrú le himscrúdú i ndlínse eile.

Go minic, beidh ról lárnach i spriocanna coirpigh aonair agus a gcuid sócmhainní a rianú agus a lorg i gcomhar le gníomhaireachtaí cosúla i ndlínse eile.

Europol

Oibríonn Europol chun tacú lena Bhallstáit chun gach foirm de choireacht thromchúiseach,

Cuid a Naoi

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

idirnáisiúnta agus eagraithe a chosc agus a chomhrac. I rith 2025, lean an Biúró ar aghaidh ag obair le Europol ar roinnt imscrúduithe beo.



Interpol

Is gníomhaireacht é Interpol a bhfuil baill ó eagraíochtaí póilíneachta as 196 tír ar fud an domhain páirteach ann. Is í phríomhfheidhm na gníomhaireachta tacú le himscrúduithe baile a sháraíonn teorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró úsáid as an ngníomhaireacht seo i roinnt imscrúduithe a rinneadh in 2025.



CARIN

In 2002, chomhóstáil an Biúró agus Europol comhdháil i mBaile Átha Cliath in Óstán Camden Court. I measc na rannpháirtithe bhí cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha.

Ba é cuspóir na comhdhála moltaí a chur i láthair a bhí dírithe ar bhrabús choireachta a shainaithint, a rianú agus a urghabháil.

Ceann de na moltaí a d'eascair as na ceardlanna ba ea gur cheart smaoineamh ar ghréasán neamhfhoirmiúil teagmhálaithe a bhunú mar aon le grúpa comhoibritheach i réimse shainaithint

agus aisghabháil na sócmhainní coiriúla. Bunaíodh Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) dá bharr sin. Is é an aidhm atá le CARIN éifeachtacht iarrachtaí a fheabhsú chun a chinntiú nach féidir le coirpigh tairbhe a bhaint as a gcuid brabús neamhdhleathach.

Reáchtáladh seoladh oifigiúil ghníomhaireachtaí Ghréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní CARIN i rith Chomhdháil Bhunaithe CARIN sa Háig, i mí Mheán Fómhair 2004.



Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe ag ceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha a bhfuil naonúr ball páirteach ann mar aon le hUachtaránacht rothlach. I rith 2025, ghlac an Biúró páirt ghníomhach i ngréasán CARIN.

D'fhreastail Oifigeach Dlí an Bhiúró, an tUasal Kevin McMeel, ar Chruinniú Ghrúpa Stiúrtha CARIN in Óstán Camden Court ar an 18 2025, áit ar bhuail sé le hionadaithe ó thíortha an

Choiste Stiúrtha. D'óstáil an Ríocht Aontaithe an Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus bhí sé ar siúl ag Europol sa Háig, san Ísiltír ón 29 – 31 Deireadh Fómhair 2025 agus d'fhreastail an Príomhoifigeach Biúró Michael Gubbins agus an Bleachtaire Cigire Barry Butler air.

Buanchoiste um Fhrithsciúradh Airgid (AMLSC)

I rith 2025, ghlac an Biúró páirt sa Bhuanchoiste um Fhrithsciúradh Airgid sé (6) bhabhta ar fad. Is é cuspóir AMLSC fóram trasearnála náisiúnta a sholáthar chun maoirseacht agus athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar chreat AML/CFT na hÉireann.

Cruinniú Mullaigh na hEorpa um Fhrith-Choireacht Airgeadais

Bhí ríméad ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, freastal ar Chruinniú Mullaigh na hEorpa um Fhrith-Choireacht Airgeadais 2025 i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath ar an 7 Bealtaine 2025.

Thug Cruinniú Mullaigh 2025 lucht déanta cinntí sinsearach agus lucht forfheidhmithe dlí le chéile chun comhrá dírithe a bheith acu ar an gcaoi a dtugtar aghaidh ar dhúshláin.



An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA)

Bhí áthas ar Michael Gubbins, Príomhoifigeach an Bhiúró glacadh le

cuireadh chun freastal ar lón príobháideach san Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA) ar an 12 Meitheamh 2025.

Thug príomhchainteoirí, lena n-áirítear an tArd-Aighne Rossa Fanning, cuir i láthair a thug léargais luachmhara agus a threoraigh príomhphlé ar phríomhfhorbairtí laistigh den chóras ceartais.



The Institute of
International &
European Affairs

Caidreamh le Gníomhaireachtaí Seachtracha Forfheidhmithe Dlí

Tá comhoibriú láidir á dhéanamh ag an mBiúró i gcónaí lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an Ríocht Aontaithe a bheith ar an aon tír a bhfuil teorainn talún aici le hÉirinn. Dá bhrí sin, leanann an Biúró ar aghaidh ag forbairt agus ag neartú an chaidrimh idir é agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Ríochta Aontaithe.

Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann (JATF)

Tiomantas Rialtais na hÉireann agus na Breataine a bhí i mbunú an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann i gComhaontú um Thosú as an Nua 2015 agus tá an Tascfhórsa ag feidhmiú ó thús 2016.

Cuid a Naoi

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Tá an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta seo comhdhéanta de Ghrúpa Maoirseachta Straitéisí a shainaithníonn agus a bhainistíonn na tosaíochtaí straitéiseacha chun an choireacht eagraithe thrasdhlínse a chomhrac agus de Ghrúpa Comhordaithe Oibríochtaí a chomhordaíonn comhoibríochtaí agus a stiúran na hacmhainní ilghníomhaireachta is gá do na hoibríochtaí sin.

Tugann an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann na gníomhaireachtaí ábhartha um fhorfheidhmiú an dlí le chéile sa dá dhlínse chun gníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla a chomhordú ar bhealach níos fearr i gcoinne grúpaí coireachta eagraithe trasteorann.

Cuimsíonn an Tascfhórsa Oifigigh Shinsearachacha ón nGarda Síochána, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, Coimisinéirí Ioncaim agus Custam a Shoilse, an Biúró agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta (a bhfuil an príomhról acu in aisghabháil sócmhainní coiriúla sa Ríocht Aontaithe).



Uaireanta, cuirtear seirbhísí iomchuí eile forfheidhmithe dlí san áireamh, (amhail gníomhaireachtaí cosanta comhshaoil agus seirbhísí inimirce)

nuair a éilíonn oibríochtaí an Tascfhórsa iad.

Ghlac an Biúró páirt in dhá chruinniú oibríochtúla (2) i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2025 i ndáil leis an Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta.

Chuir an Biúró tuarascálacha ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe Oibríochtaí maidir le stádas na n-imscrúduithe ábhartha roimh an dá chruinniú agus tá baint aige le roinnt imscrúduithe atá á ndéanamh faoin Tascfhórsa Comhghníomhaireachta.

Meabhrán Tuisceana

Meabhrán Tuisceana idir Coimisinéirí Ioncaim & Custam an Rí (HMRC) agus an Biúró

Ar an 5 Lúnasa 2025, chomhshínigh Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, Meabhrán Tuisceana (MT) idir Coimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla a thugann breac-chuntas ar na nósanna imeachta a rialaíonn comhaontú comhroinnte faisnéise.

Tá caidreamh seanbhunaithe idir Coimisinéirí Ioncaim & Custam an Rí agus an Biúró maidir le comhoibriú chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach agus eagraithe agus chun fáltais ó ghníomhaíocht den sórt sin a bhaint.

Chun leanúint leis an gcomhoibriú leanúnach idir an dá ghníomhaireacht agus chun é a fhorbairt, tugann an Meabhrán Tuisceana seo breac-chuntas ar an gcomhaontú maidir le faisnéis agus ábhar a mhalartú idir an

Biúró agus Coimisinéirí Ioncaim & Custam an Rí.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus an tUasal Peter Thorpe, Coimisinéirí Ioncaim & Custam an Rí

Meabhrán Tuisceana le Coiste Aisghabhála Sócmhainní Oifig Ionchúisitheoirí Ginearálta Phoblacht na Casacstáine

Ar an 30 Deireadh Fómhair 2025, chomhshínigh Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, agus é i láthair ag Comhdháil CARIN sa Háig, Meabhrán Tuisceana le comhghleacaithe i gCoiste Aisghabhála Sócmhainní Oifig Ard-Ionchúisitheora Phoblacht na Casacstáine.

Meabhrán Tuisceana leis an nGníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní (ARMA), an Úcráin

Ar an 30 Deireadh Fómhair 2025, chomhshínigh Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, agus é i láthair ag Comhdháil CARIN sa Háig, Meabhrán Tuisceana le comhghleacaithe sa Gníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní (ARMA), an Úcráin.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, ag comhshíniú Meabhrán Tuisceana le comhghleacaithe ó Choiste Aisghabhála Sócmhainní Oifig Ionchúisitheoirí Ginearálta Phoblacht na Casacstáine agus ón nGníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní (ARMA), an Úcráin

Tá an Biúró tiomanta d'oibriú leis an nGníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní (ARMA), leis an Úcráin agus le hAisghabháil Sócmhainní Oifig Ionchúisitheoirí Ginearálta Phoblacht na Casacstáine mar iarracht ár sainchúraimí faoi seach a chur i gcrích.

Cuairteanna ar an mBiúró

Tá aird idirnáisiúnta leanúnach á tarraingt i gcónaí ar an rath atá ar mhúnla an Bhiúró. I rith 2025, d'fháiltigh an Biúró roimh thoscaireachtaí agus roimh ghníomhaireachtaí náisiúnta agus

Cuid a Naoi

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

idirnáisiúnta, go pearsanta agus ar líne, agus díriodh aird ar raon disciplíní.

Tugann rannpháirtíocht leanúnach an Bhiúró in imscrúduithe a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo deis cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta ar fhorfheidhmiú an dlí ar an mbagairt leanúnach ó ghníomhaíocht choiriúil eagraithe thrasnáisiúnta agus bonn eolais a chur fúithi. Ina theannta sin, tugann an rannpháirtíocht seo deis don Bhiúró a thaithí a roinnt lena ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta.

D'eagraigh an Biúró roinnt láithreoireachtaí do ghníomhaireachtaí éagsúla freisin, agus tá na sonraí le fáil thíos:

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Bhuail Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus ball d'Aonad Anailíse an Bhiúró le hoifigigh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA) in oifigí an Bhiúró ar an 30 Aibreán 2025. I measc na nithe a pléadh bhí uirlisí bogearraí a d'úsáid an Biúró do chineálacha éagsúla cásanna.



Cruinnithe Ardleibhéil

Reáchtáladh roinnt cruinnithe ardleibhéil in 2025, lena n-áirítear:

Jim O'Callaghan, an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

Bhí ríméad ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, fáilte a chur roimh an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce nua-cheaptha, Jim O'Callaghan, T.D., agus roimh ár gcomhghleacaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chuig oifigí an Bhiúró ar ar 7 Aibreán 2025.

Bhuail an tAire O'Callaghan le baill d'fhoireann ardbhainistíochta an Bhiúró agus phléigh sé oibriú an Bhiúró agus na dúshláin atá roimh an mBiúró amach anseo.

Is mór ag an mBiúró tacaíocht leanúnach na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a chuireann ar ár gcumas ár sainchúram reachtúil a bhaint amach go rathúil chun fáiltais na coireachta a dhiúltú agus a bhaint de.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan, T.D.

Cruinniú le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Bhuail Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus Oifigeach Dlí an

Bhiúró, Kevin McMeel le hoifigigh ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Ray Briscoe, Helena Kiely agus Henry Matthews ar an 17 Aibreán 2025.

Léiríonn an cruinniú seo rannpháirtíocht leanúnach an Bhiúró chun cumas an dá ghníomhaireacht a neartú tuilleadh chun saibhreas aindleathach a urghabháil.

Cuairt na gCoimisinéirí Loncaim

D'fháiltigh an Biúró roimh chuairt ó oifigigh shinsearacha ó Oifig na gCoimisinéirí Loncaim ar an 24 Aibreán 2025. Bhuail an Cathaoirleach Niall Cody agus na gCoimisinéirí Ruth Kennedy agus Maura Kiely le Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus le foireann ardbhainistíochta an Bhiúró agus foireann na gCoimisinéirí Loncaim a bhí ar iasacht don Bhiúró.

Tugadh eolas don toscaireacht maidir le hoibriú an Bhiúró agus tugadh faoi shiúlóid trí na hoifigí.



C-D: Michael Gubbins (Príomhoifigeach an Bhiúró), Ruth Kennedy (Coimisinéir), Maura Kiely (Coimisinéir) agus Niall Cody (Cathaoirleach)

Giúistís Idirchaidrimh na hÍsiltíre

Ar an 28 Aibreán 2025, rinne Oifigeach Dlí an Bhiúró Kevin McMeel agus baill an Bhiúró Wendela Mulder, Giúistís Idirchaidrimh na hÍsiltíre don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn a óstáil, mar aon le toscaireacht bheag óna hOifig.

Ba é cuspóir na cuairte seo ná díriú ar an gcaidreamh déthaobhach idir Éirinn agus an Ísiltír a fheabhsú sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus eolas agus taithí ar dhea-chleachtais sa réimse seo a roinnt.

Thug an Biúró láithreoireacht maidir lena ról uathúil i bpobal forfheidhmithe dlí na hÉireann agus ina dhiaidh sin bhí plé an-láidir agus dearfach ann maidir le ról an dá ghníomhaireacht agus maidir le comhoibriú eatarthu amach anseo.

Póilíní Náisiúnta na Sualainne

I gcomhar lenár gcomhghleacaithe Europol, bhí an-áthas ar an mBiúró fáilte a chur roimh thoscaireacht ó Phóilíní Náisiúnta na Sualainne ar an 6 Bealtaine 2025 a bhí ag bunú Aonad Póilíneachta speisialaithe a bhí dírithe ar an gcoireacht eagraithe a chomhrac. Ba é an aidhm a bhí le cuairt na toscaireachta foghlaim ó thaithí an Bhiúró agus ó cheachtanna a foghlaimíodh i réimse an fhorghéillte sócmhainní.

Thug Oifigigh Shinsearacha an Bhiúró láithreoireachtaí don toscaireacht agus chlúdaigh siad ábhair amhail bunú an Bhiúró, reachtaíocht ábhartha, ár gcur chuige ilghníomhaireachta, ildisciplíneach agus an chaoi a

Cuid a Naoi

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

gcomhlíonann an Biúró a shainchúram reachtúil chun na gnóthachain neamhoilte a dhiúltú do choirpigh agus a bhaint díobh.

Cuairt Staidéir na Rannóige um Cheartas sa tSaimbia ar Éirinn

Chuir an Biúró fáilte roimh chuairt thoscairí na Saimbia, roimh ionadaithe ó Ambasáid na hÉireann agus roimh Riail Dlí Idirnáisiúnta na hÉireann (IRLI) chuig oifigí an Bhiúró ar an 12 Bealtaine 2025.

Thug an chuairt deis do thoscaireacht na Saimbia staid na gcoireanna eacnamaíocha agus airgeadais sa tSaimbia a chur i láthair, obair na nÚdarás Náisiúnta Ionchúisimh, obair an Chreata Idirghníomhaireachta agus na Rúnaíochta agus achoimre ar an obair a cuireadh i gcrích ón gcuairt dheireanach a thug siad ar an mBiúró.

Thug Oifigigh an Bhiúró láithreoireachtaí do na toscairí maidir le bunú bunaidh an Bhiúró, mar a oibríonn an Biúró faoi láthair, ár n-éachtaí agus ár ndúshlán agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Chuir Oifigigh an Bhiúró turas ar fáil chomh maith ar oifigí an Bhiúró ag díriú ar an gcaoi a n-oibríonn ionadaithe gach gníomhaireachta le chéile.



An Coimisiún Náisiúnta Frithéilithe (NACC)

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fháiltigh an Biúró roimh

thoscaireacht ó Oifig an Choimisiúin Náisiúnta Frith-Éilithe (NACC). Bhuaill an toscaireacht le Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel agus le haturnaetha ó Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Thug an Biúró cúnamh don Oifig an Choimisiúin Náisiúnta Frith-Éilithe ina misean comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí chun sócmhainní atá nasctha le cás breabaireachta coigríche a aisghabháil ar ais go hÉirinn.



Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, Aturnae an Stáit Simone Walsh agus baill an Choimisiúin Náisiúnta Frith-Éilithe

Japan Tobacco International (JTI)

Ar an 1 Nollaig 2025, bhuaill Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus an Ceannfort Bleachtaireachta Seamus Dalton le Ceann Domhanda na n-oibríochtaí trádála aindleathacha do Japan Tobacco International (JTI).

Thug Ceann Domhanda a n-oibríochtaí trádála aindleathacha an cur i láthair don Bhiúró mar chuid dá dtiomantas do chomhoibriú le Gníomhaireachtaí

Forfheidhmithe Dlí chun dul i ngleic le fadhb smuigleála Tobac.

Leag an cur i láthair béim ar na rioscaí a bhaineann le smuigleáil tobac don tionscal, do phoist agus d'ioncam cánach. Cuireadh fáilte roimh an gcur i láthair mar gur thug sé iasacht feasacht a mhúscailt faoi na contúirtí a bhaineann leis an trádáil aindleathach i dtáirgí neamhdhleathacha tobac.



Agallaimh leis na Meáin

Chun próifíl an Bhiúró a mhéadú tuilleadh, rinne Príomhoifigeach an Bhiúró roinnt agallamh le heagraíochtaí meáin, agus tá sampla díobh sin le fáil thíos:

- 01/02/2025 – Alt ar líne le Garreth MacNamee dar teideal *“Gardaí snare criminals ‘outing themselves’ on Instagram.”*
- 04/02/2025 – Alt nuachtáin san Irish Daily Mail dar teideal *“Criminals now turning to crypto to conceal their wealth, says CAB”*.
- 04/8/2025: Alt nuachtáin san Irish Independent dar teideal *‘It’s the ultimate example of depriving the criminal’ - CAB Chief vows to target bosses crime through trophy homes”*.
- 05/8/2025: Alt nuachtáin san Irish Independent dar teideal *“Good Citizen reports are a really*

important source of intelligence’ says CAB Chief Michael Gubbins”.

- 09/11/2025: Chuir Maeve Sheehan ón Irish Independent Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, faoi agallamh le haghaidh alt nuachtáin dar teideal *“Gucci, Chanel and Rolex – the ill-gotten bling for sale in CAB’s online auction”*.
- 29/11/2025: Alt nuachtáin san Irish Daily Mail dar teideal *“Cars, houses, holidays and cosmetic surgery - we hit criminals where it really hurts”*.

Agallamh RTÉ maidir le Ceant Ar Líne CAB

Chuir Sarah Magliocco Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, faoi agallamh do RTÉ ar an 27 Samhain 2025 in alt dar teideal *“Criminal Assets Bureau Black Friday Auction includes Rolex watches, designer shoes and bags”*. Leag an t-alt béim ar cheant an Bhiúró atá le teacht agus léiríodh ann cuid de na nithe a bhí liostaithe le díol.

Podchraoltaí, Raidió & Cláir Theilifíse

Podchraoladh Cork 96fm Opinion Line
Ghlac Príomhoifigeach an Bhiúró páirt i bpodchraoladh le Paul Byrne ar an 7 Feabhra 2025 dar teideal *“What has the Criminal Assets Bureau got its sights on in Cork ?”*. Is féidir éisteacht leis an bpodchraoladh seo ag an nasc seo a leanas:

<https://sphinx.acast.com/p/acast/s/corks-96-fm-opinion-line/e/67a60c96340a5590cda0145f/medi a.mp3>

Cuid a Naoi

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Seoladh Leabhair

Bhí ríméad ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, freastal ar sheoladh leabhair *“What We’re Made of”* ar an 27 Bealtaine 2025 i Músaem Litríocht Éireann. Bhí Theatre of the Oppressed mar spreagadh ag an leabhar seo agus rinne an Seanadóir Lynn Ruane agus an déantóir amharclainne Grace Dyas é a éascú. Scríobh na fir a cuireadh faoi ghlas i bPríosún Mhuinseo an leabhar seo.

“Hidden Assets”

I ndiaidh chraolachán *“Hidden Assets”*, chuir Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins fáilte roimh bhaill na foirne aisteoirí agus roimh an bhfoireann léiriúcháin chuig an mBiúró mar chuid dá dtaighde d'eipeasóidí amach anseo.

Drivetime, RTÉ Raidió a hAon

Ghlac Príomhoifigeach an Bhiúró páirt in agallamh ar Drivetime do RTÉ Radio 1 ar an 4 Samhain 2025 inar labhair sé faoin líon réadmhaoine ba mhó riamh a dhíol an Biúró in 2024. Is féidir éisteacht leis an agallamh seo ag an nasc seo a leanas:

<https://www.rte.ie/radio/radio1/clips/22556875/>

In the News le Podchraoladh an Irish Times

Ghlac Príomhoifigeach an Bhiúró páirt i bpodchraoladh le Berenice Harrison ar an 21 Samhain 2025 dar teideal *“Good year for the Criminal Assets Bureau, bad year for blinged-up criminals”*.

Phléigh Príomhoifigeach an Bhiúró, i measc ábhar eile, urghabhálacha an

Bhiúró, diúscairt sócmhainní, na tuairisceáin a tugadh don Státchiste faoi thrí dhisceiplín an Bhiúró (Fáltais ó Choireacht, ó Ioncaim agus ó Choimirce Shóisialta), Tuarascálacha maidir le Saoránaigh Mhaithe agus Lónra Próifíleora na Rannán um Shócmhainní. Is féidir éisteacht leis an bpodchraoladh seo ag an nasc seo a leanas:

<https://www.irishtimes.com/podcasts/in-the-news/good-year-for-the-criminal-assets-bureau-bad-year-for-blinged-up-criminals/>

Gníomhaíochtaí Meán Sóisialta

Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla maoirseacht ar thrí chainéal oifigiúla ar na meáin shóisialta: Facebook, Instagram, agus X (Twitter roimhe seo).



@criminalassetsbureau



@criminalassetsbureau



@criminalassets



www.cab.ie

Baintear leas as na bealaí meáin shóisialta chun scéal an Bhiúró a insint trínár ngníomhaíochtaí a chur chun cinn.

Cuid a Deich

Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh, maidir le faisnéis na bliana roimhe sin, a bhaineann le nochtuithe cosanta.

Ní raibh aon nochtadh cosanta faighte ag an mBiúró i rith na tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2025.

Gealltanais maidir le hlonracas san Áit Oibre

Shínigh an Biúró an gealltanais maidir le 'hlonracas san Áit Oibre' i mí an Mheithimh 2021. Is ráiteas poiblí é an gealltanais seo ar thiomantas an Bhiúró ionad oibre a chothú a thacaíonn le hábhair imní a ardaítear faoi éagóir ar bith.

Maidir leis seo, d'fhreastail Oifigeach Biúró amháin ar an bhFóram um Shláine ag an Obair (IAW) arna óstáil ag Transparency International (Ireland) Limited.



Cuid a Deich
Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta

Fágtar an leathanach seo bán d'aonghnó

Conclúidí

Bhain an Biúró leas as a shainchúram reachtúil chun díriú ar fháltais iompair choiriúil. Chun é sin a dhéanamh, bhain an Biúró leas as forálacha Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, arna leasú, mar aon le reachtaíocht Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh.

Lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar shócmhainní a eascraíonn as iompar coiriúil a bhfuil drochamhras ina leith, lena n-áirítear gáinneáil ar dhruaí, calaois, goid, buirgléireacht agus sciúradh airgid.

Déanann an Biúró monatóireacht agus díríonn sé ar threochtaí nua cosúil le húsáid a bhaint as trádáil mótarfheithiclí chun sócmhainní coiriúla a cheilt mar aon le húsáid a bhaint as criptea-airgeadra chun sócmhainní a aistriú agus ar mhaithe le calaois idirnáisiúnta.

I rith 2025, leag an Biúró béim ar leith ar dhíriú ar ghrúpaí coireachta a bhfuil baint acu le coireacht thromchúiseach agus le coireacht eagraithe, mar aon le coireacht réadmhaoine, amhail buirgléireachtaí agus robálacha.

Bhí béim ar leith á leagan ag gníomhaíochtaí an Bhiúró ar choireacht tuaithe agus bhí cuid de ghníomhartha an Bhiúró ag tacú le forfheidhmiú dlí i suíomhanna Réigiúnacha.

Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinne an Biúró agus ar na himeachtaí agus ar na gníomhartha a rinneadh ina ndiaidh, cuireadh suimeanna de bhreis ar €14.926m ar fáil don Lárchiste, ar féidir iad a mhiondealú mar seo a leanas:

- €3.474m curtha ar ais sa Státchiste faoi reachtaíocht an Fháltais ó Choireacht
- €0.656m curtha ar ais trí aisghabhálacha Leasa Shóisialaigh
- €10.796m bailithe mar thoradh ar nósanna imeachta agus comhaontuithe cánach Ioncaim

Airgead Iomlán curtha ar ais ag CAB in 2025	
Curtha ar ais faoi shainchúram CAB, i.e., reachtaíocht an Fháltais Choireacht, ó Ioncam agus ó Leas Sóisialach	14,925,788
Iomlán	14,925,788

Ag leibhéal idirnáisiúnta, choimeád an Biúró naisc láidre ar bun agus lean sé ar aghaidh i mbun idirchaidrimh le húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

Bhí baint ag an mBiúró le roinnt imscrúduithe a bhain le hiompar coiriúil grúpaí coireachta eagraithe i réigiún na teorann.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh lena chaidreamh le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí le naisc thrasdlínsiúla a fhorbairt, go suntasach, le Interpol, Europol, Coimisinéirí Ioncaim & Custom an Rí, an Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta sa RA, Gréasán CARIN, Póilíní Cónaidhme na hAstráile, Imscrúduithe Slándála na Tíre Dúcháis agus Oifig Aturrae SAM.

Mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) tiomnaithe in Éirinn, tá an Biúró ag

Conclúidí

leanúint ar aghaidh le naisc forfheidhmithe dlí a fhorbairt le Ballstáit eile den AE.

Tá an Biúró ag lorg ionchuir ó ionadaithe ó na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le CAB i ndáil lena Phlean Straitéiseach a fhorbairt. Ina measc seo tá ionadaithe ón nGarda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Bhí forbairt an Phlean Straitéisigh treoraithe ag agus bunaithe ar Mhisean gach gníomhaireacht comhpháirtíochta.

Déanann an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, athbhreithniú ar an bPlean/tugann sé dúshlán an Phlean sula gcuirtear ainm leis. Tá Comhaontú Soláthair Feidhmíochta an Bhiúró bunaithe ar ár ndoiciméad Straitéiseach.

Tá an Grúpa Iontrálacha foirmiúil, a bunaíodh in 2018, ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag an Oifig Faisnéise agus Measúnaithe (IAO) chun comhairle a chur ar Phríomhoifigeach an Bhiúró maidir le spriocanna d'imscrúdú iomlán a roghnú. Is é croílár shamhail CAB i gcónaí an fhoireann ildisciplíneach ina n-oibríonn gairmithe le chéile ar mhaithe leis an gcomhchuspóir a ngnóthachain neamhoilte a shéanadh agus a bhaint de choirpigh.

Ceann de phríomhláidreachtaí an Bhiúró is ea an tslí a gcomhoibríonn sé le heagraíochtaí eile chun tacú lena ghníomhaíochtaí. Ní bheadh ar chumas an Bhiúró a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích gan tacaíocht ó go leor rannóg den

Garda Síochána, lena n-áirítear aonaid atá ag díriú ar Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach, an tAonad Práinnfhreagartha, an tAonad Réigiúnach Tacaíochta faoi Airm, pearsanra Roinne áitiúil agus Preasoifig an Gharda Síochána.

Lena chois sin, faigheann an Biúró cúnamh den chéad scoth ó go leor rannóg d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus go háirithe, an Rannán Imscrúdaithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorann, agus Aonaid Gadhar Custom.

Chabhraigh oifigigh ó rannóga éagsúla sa Roinn Coimirce Sóisialaí leis an mBiúró le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh.

Soláthraíonn ár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, comhairle agus tacaíocht den chéad scoth don Bhiúró agus leagtar béim ar leith ar acmhainní daonna, cúrsaí airgeadais, rialachais, iniúchta agus riosca. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn i réimsí na n-athruithe reachtacha agus beartais, agus chun cóiríocht oiriúnach nua a aimsiú a chuirfidh ar chumas an Bhiúró a shainchúram reachtúil féin a chomhlíonadh.

Ag a chroílár, aithnítear luach na hoibre a dhéanann an Biúró trína straitéis um *“dhiúltú agus baint.”* Baineann sé le rud níos leithne: pobail a chosaint, tionchar na coireachta eagraithe a lagú, agus a chur in iúl go soiléir nach comhartha ratha iad sócmhainní coiriúla, ach fianaise ar ghníomhaíocht mhídhleathach ar féidir leis an Stát dul i ngleic léi, agus a rachaidh sé i ngleic léi.

Aguisín A

Cuspóirí & Feidhmeanna an Bhiúró

Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005

4.-Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad cuspóirí an Bhiúró -

- (a) sainaithint sócmhainní, cibé áit ina bhfuil siad, daoine a dhíorthaigh ó, nó a bhfuil drochamhras ina leith gur dhírigh siad, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil,
- (b) gníomh iomchuí a dhéanamh faoin dlí chun na sócmhainní sin nó tairbh na sócmhainní sin, i bpáirt nó go hiomlán, a bhaint de na daoine sin nó a shéanadh ar na daoine sin, mar is iomchuí, agus
- (c) aon imscrúdú a dhéanamh nó aon obair ullmhúcháin eile a dhéanamh i ndáil le haon imeachtaí de dhroim na gcuspóirí a luaitear i míreanna (a) agus (b).

Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 d'Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005

5.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht Alt 4, glacfar le feidhmeanna an Bhiúró, ag feidhmiú trína Oifigigh Bhiúró, na gníomhartha riachtanacha uile a dhéanamh—

- (a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha sócmhainní a sainaithníodh mar shócmhainní a dhíorthaigh ó, nó a bhfuil drochamhras ina leith gur dhírigh siad, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, a choigistiú, srian a chur lena n-úsáid, iad a reo, a chaomhnú nó a urghabháil
- (b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtachán eile, cibé acu arna rith roimh nó i ndiaidh rith an Achta seo, a bhaineann le hioncam, chun a áirithiú go bhfuil fáltais ó iompar coiriúil nó ó iompar coiriúil a bhfuil drochamhras ina leith faoi réir cánach agus go bhfuil na hAchtanna Ioncaim, más iomchuí, curtha i bhfeidhm go hiomlán i ndáil lena leithéid sin d'fháltais nó d'iompar, de réir mar a bheidh,
- (c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh chun críche imscrúdaithe agus cinnidh, de réir mar is iomchuí, aon éileamh ar nó i ndáil le leas sóisialach (de réir bhrí Alt 204 d'Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) arna dhéanamh ag aon duine atá páirteach in iompar coiriúil, agus
- (d) ar iarratas ón Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar aon éileamh ar shochar nó i leith sochair, de

Aguisín A

Cuspóirí & Feidhmeanna an Bhiúró

réir bhrí alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, i gcás ina ndeimhneoidh an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint, i gcás imscrúdú áirithe, go bhféadfadh Oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó cineálacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar a leithéid sin de ghníomhartha, más iomchuí, faoi réir aon chomhaontaithe idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíneachta, nó aon údarás, údarás ag a bhfuil feidhmeanna a bhaineann le haisghabháil fáiltas ó choireacht, údarás cánach nó údarás slándála sóisialta, nó críoch nó stát seachas an Stát.

(2) I ndáil leis na nithe dá dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a dhéanann difear do nó a chuireann srian leis an méid seo a leanas ar shlí ar bith—

- (a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó
- (b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

Aguisín B

Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

Raon Freagrachta

Thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, aithním freagracht an Bhoird maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Dearbhaím go gcomhaontaíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta (FAB) plean gnó go bliantúil agus go gcuirtear faoi bhráid Rúnaí Cúnta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce é.

Deimhním go bhfuil Comhaontú Formhaoirseachta i bhfeidhm idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a chlúdaíonn na blianta 2023 – 2025 agus go bhfuil sé faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Dearbhaím go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Comhlíonta curtha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú ar fad. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnacha thabhairt, agus ní dearbhú iomlán, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i bhfeidhm sa Choláiste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tuairiscíonn an Biúró um Shócmhainní Coiriúla don Aonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar gach ábhar iniúchta agus tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhiúró (CIR) i bhfeidhm aige. Tháinig CIR an Bhiúró le chéile ceithre huaire i rith 2025.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis beartas bainistíochta riosca a fhorbairt ina leagtar amach a acmhainn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Cuireadh cóip den bheartas ar fáil do gach Bainisteoir laistigh den Bhiúró ar roinneadh eolas leo maidir leis an ngá a bhí leis an bhfoireann shinsearach a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus chun cur in iúl dóibh gur cheart dóibh freagracht a ghlacadh as riosca agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm inar sainaithníodh agus inar tuairiscíodh príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá curtha i gcrích go dtí

seo, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla ina shainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an mBiúró agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an CIR athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

Maidir leis an mBiúró, dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- tuairiscítear na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad
- déantar freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm, chomh maith le buiséad bliantúil ar a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú ar bhonn rialta;
- córais a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil faisnéise agus córais trealaimh chumarsáide a chinntiú;
- córais chun sócmhainní an Bhiúró a chosaint

- soláthraíonn Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte Seirbhísí Párolla Comhroinnte don Bhiúró

Monatóireacht agus Meastóireacht Leantach Le linn na tréimhse a chumhdaítear le Ráitis Airgeadais 2025, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhrialuithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, nuair is cuí, go tráthúil.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla do 2025:

- Táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus próisis a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easpaí a shainaithnítear,
- Déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile
- Socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú ar bhonn rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí

Cúrsaí Soláthair

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun comhlíonadh leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an Bord na nósanna imeachta sin i rith 2025.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Bhí faireachán agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar an obair a rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) inmheánach, Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an CIR, laistigh den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánach.

Le linn 2025, rinne Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce iniúchadh ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla maidir le rialuithe airgeadais agus rialuithe eile, i gcomhréir lena gclár bliantúil iniúcháireachtaí, chun dearbhú a sholáthar do Choiste Iniúcháireachta Vóta 24 (Dlí agus Cirt). Tá an chéad iniúchadh inmheánach eile ar rialuithe airgeadais agus eile an Bhiúró le déanamh i R1, 2026.

Le linn 2025, rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis

Airgeadais 2024. Níor tuairiscíodh aon saincheist ábhartha. Le linn 2026, déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2025.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach i ndáil le 2025 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Michael Gubbins
Príomhoifigeach an Bhiúró
Meitheamh 2026

Aguisín B
Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Tá an leathanach seo bán d'aon turas

Aguisín C

Athbhreithniú ar an mBliain 2025

CRIMINAL ASSETS BUREAU

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Athbhreithniú ar 2025



366 Tuarascáil maidir le Saoránaigh Mhaithe



18 Réadmhaoín díolta



37 Oibríocht Cuardaigh le 208 cuardach aonair ar fud 16 chontae



€0.655m tugtha ar ais faoi Shainchúram na Roinne Coimirce Sóisialaít



€10.796m tugtha ar ais faoi Shainchúram na gCoimisinéirí Ioncaim



€3.474m rtugtha ar ais faoi Shainchúram an Achta PoC

€14.926m

Tugtha ar ais don Státchiste in 2025


#denyanddeprive

Aguisín C
Athbhreithniú ar an mBliain 2025

This page has been intentionally left blank

Nótaí

This image shows a blank sheet of white paper with horizontal green dashed lines. The lines are evenly spaced and run across the width of the page, providing a guide for handwriting practice. There are no other markings or text on the page.



Criminal Assets Bureau

Walter Scott House
Military Road
Dublin 8
D08 HE2P
Ireland

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Teach Walter Scott
An Bóthar Míleata
Baile Átha Cliath 8
D08 HE2P
Éire

✉ info@cab.ie

🌐 www.cab.ie

☎ +353 1 666 3266